

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

TG/4

2010



CLÁR AN ÁBHAIR

MISEAN, FÍS AGUS CROÍLUACHANNA	3
GEALLTANAIS TG4 DO 2010	5
FEIDHMÍOCHT TG4 I 2010	8
BORD THEILIFÍS NA GAEILGE AGUS EOLAS EILE	15
TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH	18
TUARASCÁIL AN ARDSTIÚRTHÓRA	21
RIALACHAS CORPARÁIDEACH	27
ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS 2010	29
RÁITEAS AIRGEADAIS	31

A man with a mustache, wearing a black beret and a black blindfold, is shown in profile, looking towards the right. He is wearing a black jacket over a white shirt. The background is a solid, muted green color.

1916

SEACHTAR
NA
CÁSCA

"I thoroughly enjoyed the documentary series on the 1916 leaders from TG4, the best of the home based channels" *Tuam Herald*

4

MISEAN, FÍS AGUS CROÍLUACHANNA



1916 SEACHTAR NA CÁSCA
Buaiteoir 9 nGradam ina measc:
IFTA, Féile na Meán Ceilteach &rl

Cuireann TG4 roimhe seirbhís mhealltach teilifíse agus ábhar nuálach Gaeilge a chur ar fáil lena ndéantar ceiliúradh achruthaitheacht agus ar shaoithiúlacht na hÉireann - teanga, cultúr, ceol agus spórt, agus iad curtha i láthair go tarraingteach d'fhonn caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain.

Is í an aisling atá ag TG4 go leanfar den Ghaeilge agus de chultúr na hÉireann a chur chun cinn leis an teilifís agus le hábhar ar an Idirlíon le go gcinntítear áit lárnach dóibh i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar lear.

Cé go leagtar amach in aisling agus i misean TG4 an ní a chuirfidh an eagraíocht i gcrích agus na straitéisí a úsáidfear chun na haidhmeanna seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích, is léiriú é an comhoibriú leis

na príomhghéallsealbhóirí ar na prionsabail atá mar bhonntréithe ag an eagraíocht. Is iad na luachanna seo an bhonnchloch atá faoi chultúr eagrais TG4. Bítear ag súil go gcloíonn gach fostaí de chuid TG4 leis na luachanna seo i ngnáthchúrsa an lae agus go mbaintear úsáid astu mar phrionsabail treoracha, mar lón eolais agus mar stiúir maidir lena gcuid iompair i mbun na hoibre dóibh.

LUACHANNA BUNTÁBHACHTACHA TG4

CEANGAL:

- Ceangal laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil do gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanamid.
- Malairt léargais a sholáthar maidir le cúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

CAIGHDEÁN AGUS LUACH AN AIRGID:

- Sceideal clár ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Córas éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

CRUTHAITHEACHT:

- Cruthaitheacht san ábhar aschurtha ar fad agus i ngach ní dá ndéantar.
- Leanacht le soláthar clár nuálach sainiúil.

FORBHEARTAÍOCHT:

- Meon an chumais, mar a cothaíodh san eagraíocht agus san fhoireann agus mar atá bunaithe faoi seo, a choinneáil ar bun.

Garraí Glas



"Is breá liom gach rud ar TG4, tá sé chomh héagsúil sin nach mbíonn fhios agat céard a leanfaidh sa gcéad chlár eile – asail nó Honda 50 nó rud éigin níos iontaí fós." *Tuairim ón lucht féachana*

4

GEALLTANAIS TG4 DO 2010



GARRAÍ GLAS

Leagtar amach bearta barrthábhachta TG4 i leith na bliana 2010 sa Ráiteas Gealltanais.

Is féidir an 36 geallúint de chuid TG4 a rangú de réir sé cinn de théamaí nó de réimsí mar seo a leanas:

1. An tÁbhar Clár a sholáthraítear;
2. An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt;
3. Forbairt Seirbhíse;
4. An Earnáil Léiriúcháin Gaeilge agus Eacnamaíocht na hÉireann go ginearálta a thabhairt chun cinn;
5. Leanacht den Dicheall maidir le Feidhmiúchán Breise Straitéise agus Oibriúcháin; agus
6. Barr Feabhais ó thaobh cúrsaí Rialachais, Riosca agus Comhaill.

ASCHUIR CLÁR

- Réimse leathan ábhar Gaeilge nuálach ar ardchaighdeán a choimisiúnú agus a chraoladh i 2010
- Gluaiseacht i dtreo sceideal lárnach 35 seachtain agus 4.1 uair an chloig ábhar Gaeilge a chraoladh sa ló.

- An costas reatha in aghaidh na huaire a choinneáil agus luach ar airgead a chinntiú.

- An leas is fearr a bhaint as tacaíocht airgeadais bhreise do thionscadal cláir ó fhoinsí seachtracha lena n-áirítear féachaint le cómhaoiniú a bhaint amach ó Bhord Scannán na hÉireann maidir le dhá shaothar le TG4.

AN GHAELGE AGUS CULTÚR NA hÉIREANN A CHUR CHUN CINN AGUS A FHOIRBART

- A bheith i dteagmháil leis an Rialtas go forghníomhach maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.
- Ar a laghad 70% den mhaoiniú reatha ón Státchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge, 15% eile a chaitheamh ar a chraoladh & 15% ar fhorchostais.
- Infheistíocht i gcláir nua Ghaeilge a fhorbairt thar na seánraí uile leis an dearcadh sainiúil "súil eile" a chinntiú.

- A bheith i dteagmháil leis an "Líonra Teilifíse Craoltóirí Dúchasacha Domhanda" (WITBN) agus le tionscnaimh dhúchasacha eile mar BBC Alba agus Féile na Meán Ceilteach, etc.

FORBAIRT SEIRBHÍSÍ

- Sciar naisiúnta iomlán 2.3-2.5% den lucht féachana a bhaint amach agus scair TG4 a fheabhsú, más féidir, i bpríomh-earnálacha déimeagrafacha saindirithe lena n-áirítear leanaí, daoine óga agus daoine fásta.
- "Seirbhís dhomhanda Ghaeilge" a sholáthar trína seirbhísí gréasáin agus Teilifíse Gréasáin a fhorbairt tuilleadh, 450k cuairteoir sainiúil agus 3.4m oscailt leathanach ar líne agus 2m sruth clár a bhaint amach ar TG4 BEO le linn 2010.
- Infhaighteacht ardáin cháilíochta agus dháilte ábhar TG4 a mhéadú, agus mar sin ábhar tras-ardáin an chainéil a fheabhsú tríd is tríd.
- Leanúint le TG4 a chur ar fáil ar bhonn uile-Éireann, tríd an fháil air feadh gach ardán craolacháin sa Tuaisceart a chinntiú, agus dá bharr sin, sciar inmharthana den lucht féachana a fhorbairt chomh maith le slí lena thomhas a fhiosrú.

- Leanúint ar aghaidh ag obair le RTÉNL le dáileadh TG4 ar MUX1 ar an líonra TDT sa Phoblacht a éascú agus leis na húdaráis chuí sa Ríocht Aontaithe lena chinntiú go mbeidh

4

GEALLTANAIS TG4 DO 2010

TG4 suite ar MUX 2 sula múchfar an córas tarchuir analógach in 2012.

- Straitéisí agus tionscnaimh TG4 a fhorbairt le tacú leis an athrú go TDT agus le hinfhaighteacht TDT dá lucht féachana agus ar fud na hÉireann tríd is tríd a chinntiú.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le RTÉ agus é ag bunú cainéil do Dhiaspóra na hÉireann.
- Plean Margaíochta agus Brandála a fhorbairt le ceithre fheachtas ardchaighdeán, ard-tionchair a sheachadadh ar an raidió, ar an teilifís agus i gcló, chun an lucht féachana atá ag TG4 cheana féin a choimeád agus cinn nua a mhealladh.
- Branda TG4 a threisiú ina chuid cumarsáide uile, lena n-áirítear dhá mhír aitheantais nua a sheachadadh in 2010 agus tús a chur le straitéisí branda a fhorbairt don bhliain 2010/2011.

FORBAIRT AR AN EARNÁIL LÉIRIÚCHÁIN GHAELGE AGUS AN EACNAMAÍOCHT NÁISIÚNTA

- Thart ar 100 post a sholáthar go díreach agus tacú le tuairim is 300 post san earnáil léiriúcháin neamhspleách, agus mar sin cur le cumas na hÉireann sna hearnálacha cruthaitheacha eolas-bhunaithe.
- Cur le rannchuidiú na bliana roimhe seo leis an eacnamaíocht náisiúnta trí thuairim is €58m a chur le tuilleamh náisiúnta agus tionchar dearfach a imirt ó thaobh na fostaíochta de, le 1000 post cruthaithe.
- Sciar den méid a chaitear ar chlár Ghaeilge a dhíriú ar ábhar a choimisiúnú ó chomhlachtaí Gaeltachta.
- Tionscnaimh forbartha léiriúcháin nua a aithint agus a sheachadadh, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile, d'fhoill an tallann chruthaitheach san earnáil a bhrú chun cinn.
- Oibriú leis an gCiste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil léiriúcháin Ghaeilge sa Tuaisceart trí dhíriú ar líon beag comhlachtaí maidir le comhforbairt tionscadal in 2010.

LEANÚINT AR AGHAIDH LE FEIDHMÍOCHT STRAITÉISEACH & OIBRÍOCHTÚIL NÍOS FEARR A BHAINT AMACH

- Féachaint le hardú a fháil ar an maoiniú €2.8m ón Stáchtiste de réir Phlean Corparáideach Straitéiseach TG4 2010-2011.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Maoinithe TG4 sa tslí is le harduithe níos fadtéarmaí ar mhaoiniú agus cur chuige ilbhliantúil ar mhaoiniú a chur faoi bhráid an Rialtais.
- Díolacháin fhógraíochta agus ioncam urraíochta €2.6m ar sciar saindirithe den lucht féachana 2.3-2.5% a ghiniúint agus measúnú a dhéanamh ar an deis ioncam breise a fháil ó fhoinsí eile, mar shampla ó láithreán gréasáin TG4 agus ó mheicníochtaí dailte ábhar nua.
- Cultúr d'fheabhas leanúnach ar fud TG4 a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i dtallann agus i mbainistiú agus i bhforbairt Acmhainní Daonna.
- Córais agus próisis rithábhachtacha TG4 a fheabhsú trí Chéim 2 den chóras Bainistithe Acmhainní Digiteacha a thabhairt i gcrích agus trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh

ar na príomhchórais Airgeadais, Acmhainní Daonna agus craolta.

- Leanúint ag obair ar shlí éifeachtach ó thaobh costais agus leibhéil íosta forchostas a choimeád i ngach rannóg i TG4 in 2010.

- Leanúint ag cur níos mó le héifeachtúlacht chleachtais oibre TG4 i gcomhar le córais nua a chur i bhfeidhm.

AN SCOTH I RIALACHAS, RIOSCA AGUS COMHALL

- Oibriú go dlúth lena dhá phríomhghceallsealbhóirí, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Údarás Craolacháin na hÉireann chun tacú le forbairt beartas craolacháin agus le riachtanais rialachais agus chomhaill a sholáthar.
- Dul i mbun cainte go leanúnach le príomhghceallsealbhóirí tionscail, rialtóirí, craoltóirí, déantóirí polasaí agus príomhchomhlachtaí eile maidir le gach gné d'oibriúcháin, cóid agus rialacháin craoltóireachta.
- Obair go dlúth le Bord TG4 le gach cód agus rialachán ábhartha agus ceangaltach faoina bhfeidhmíonn sé a chomhlíonadh.
- Comhairle Lucht Féachana a bhunú agus Cairt Custaiméirí TG4, Ráiteas Seirbhíse Poiblí TG4, Cóid Cóir-Thrádála TG4 agus Cóid Cleachtais TG4 maidir le Láimhseáil Gearán a sholáthar.
- Dhá Iniúchadh Inmheánach agus athbhreithniú ar Bhainistiú Riosca TG4 a sheachadadh i rith 2010.

A woman with dark hair pulled back, wearing a black coat and black gloves, is shown from the chest up. She is looking down at a white, textured garment she is holding with both hands. The background is dark and out of focus. The text 'ROS na RÚN' is overlaid at the bottom in white serif font, underlined.

ROS na RÚN

4

FEIDHMÍOCHT TG4 I 2010

SEO A LEANAS NA BUAICPHOINTÍ IS TÁBHACHTAÍ IN OBAIR TG4 I RITH NA BLIANA 2010:

- Chruthaigh TG4 go maith i gcomhlíonadh a chuid geallúintí i rith na bliana 2010 ainneoin timpeallacht airgeadais an-deacair agus an gá a bhí le laghdú suntasach ó thaobh caiteachais agus costais a thabhairt i gcrích i ngach gné den obair i rith na bliana:
 - Tríd is tríd, bhain TG4 amach 33 den 36 geallúint do 2010 “ina n-iomláine”. I gcás 20 de na geallúintí sin, sáraíodh an sprioc a bhí leagtha síos.
 - Bhí trí cinn de na geallúintí ar “comhlíonadh den chuid is mó” iad. Bhí na trí cinn sin ag brath go mór ar leibhéil maoinithe agus nuair a laghdaíodh maoiniú TG4 ón Státchiste don bhliain 2010, bhí ar TG4 íslíú caiteachais dá réir a dhéanamh i réimsí uile na hoibre agus chuir sin isteach ar na trí sprioc seo a bhaint amach ina n-iomláine i rith na bliana 2010.
- Cé gur tharla laghdú suntasach ar an maoiniú i rith na bliana 2010, d'éirigh le TG4 níos mó ná a bhí leagtha amach de chlár nua ardchaighdeáin Gaeilge a chur ar fáil agus treisíodh leis an sceideal trí chonarthaí nua maidir le hábhar cláir a aontú - gan aon ardú ó thaobh costais.
- D'éirigh le TG4 1593 uair an chloig de chlár nua / bunúil i nGaeilge a chur ar fáil i 2010. B'ionann sin agus beagnach 4.4 uair an chloig ar an meán in aghaidh an lae. Iomlán bliantúil 1495 uair an chloig, 4.1 uair an chloig in aghaidh an lae, an sprioc a bhí ag TG4, rud a fhágann gur sáraíodh spriocleibhéil na bliana go suntasach.

Coimisiúnaíodh/ceannaíodh agus craoladh clár den scoth i 2010. Ar chuid de na buaicphointí clár i 2010, bhí “1916 Seachtar na Cásca”, sraith faoi cheannairí an Éirí Amach. An Taoiseach, Brian Cowen, TD a sheol seo do TG4 i mí Meán Fómhair 2010 agus thuill an tsraith moladh forleathan nuair a craoladh í faoi Shamhain, “Gualainn le Gualainn” an tsraith faisnéise ar stair an rugbaí in Éirinn óna thús i 1854 suas go dtí bua na Caithréime Móire i 2009 chomh maith le clár iontach eile ar nós “Ó Bhearna go Carna”, “Bliain in Inis Meáin”, “Dún Chaoin”, “Na Cloigne”, “Lorg Lunny” agus “T K Whitaker”.

Bhí tábhacht arís i mbliana le cúrsaí spóirt sa gclársceideal. Craoladh cluichí de chuid an CLG, rugbaí ó Shraith Magners ó Mheán Fómhair 2010 agus i mí Deireadh Fómhair 2010, bhí na cearta beochraolta ag TG4 ar an dá chluiche peilíe idir Éire agus an Astráil faoi na Rialacha Idirnáisiúnta, a himríodh i Luimneach agus i bPáirc an



ROS NA RÚN

Chrócaigh. Ar na buaicphointí eile, bhí “Oireachtas na Gaeilge 2010” a reáchtáladh i gCill Airne agus “Gradam Ceoil TG4 2010” a craoladh ón Áras Ceoldráma i Loch Garman.

- Bhí an bhliain 2010 ar an mbliain ab fhearr fós ag TG4 ó thaobh líon na ngradam agus na n-ainmniúchán gradam dá chuid clár, pearsaí agus dá shaothar margaíochta / brandála. Gnóthaíodh 82 gradam agus ainmniúchán in iomláine, dúbailt ar líon na bliana 2009. Ghnóthaigh TG4 49 gradam / ainmniúchán i rith na bliana agus i measc na ngradam mór do chlár bhí gradam IFTA do “Rásaí na Gaillimhe”, trí cinn de ghradaim ag Féile na Meán Ceilteach do “Mobs Mheiriceá”, “Faoi Lán Cheoil” agus “Seacht”, cúig cinn de Ghradaim Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge, ina measc gradaim do “Seó Spóirt” agus “Na Cloigne”, agus gradam de chuid Fleadh Scannánaíochta na Gaillimhe do “An Píopa”. Léiríonn na gradaim agus ainmniúcháin mór-urraime seo an cumas leanúnach atá in TG4 ábhar a choimisiúnú ag a bhfuil tréith ar leith na *súile eile* agus an tsainiúlacht agus an tsiamsaíocht a théann i gcion ní amháin ar an lucht féachana sa tír seo ach ar mholtóirí na gcomórtas is airde caighdeán. Bronnadh Gradam Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge do

“Is mór an chreidiúint do TG4 é Ros na Rún.
Bainim taitneamh as agus ní thuirsím riamh de.”
Tuairim ón lucht féachana

4



ROS NA RÚN

Láithreoir Teilifíse na Bliana ar láithreoir Nuachta TG4, Eimear Ní Chonaola.

- I rith na bliana 2010, lean an tréimhse ródheacrachta atá roimh TG4 agus gach gnóthas in eacnamaíocht na hÉireann. Mar chuid den dícheall tabhairt faoin gcruachas eacnamaíochta agus airgeadais, tugadh gach gné den chaiteachas poiblí faoi mhionscrúdú géar. Aithníodh go raibh laghdú caiteachais rithabhachtach chun tabhairt faoin easnamh i mBuiséad an Rialtais. D’fhág sin agus laghdú san ioncam ó earnáil na fógraíochta tionchar tromchúiseach ar leibhéil ioncaim TG4.

Tháinig laghdú ar mhaoiniú bliantúil TG4 ón Státhiste ó €38.01m ag tús na bliana 2009 go dtí €32.25m sa bhliain 2010 – íslíu 15%. D’fhág sin an tseirbhís ar an leibhéal is ísle buiséid ón mbliain 2007 i leith. Anuas air sin, mar gheall ar an laghdú géar sa chaiteachas ar fhógraíocht agus ar urraíocht in Éirinn, tháinig laghdú tubaisteach ar ioncam tráchtála TG4 - laghdú níos mó ná 40% i rith na tréimhse céanna.

Tá dlúthcheangal idir an margadh fógraíochta teilifíse agus cúrsaí eacnamaíochta na tíre go ginearálta. Sa

bhliain 2007, bhí buaicleibhéal caiteachais fógraíochta teilifíse in Éirinn, luach €374m¹. Meastar go bhfuil titim idir 35-40% ar an gcaiteachas fógraíochta ó shin, rud a bhfuil tionchar mór aige ar gach craoltóir, TG4 ina measc. €2.6m an sprioc a bhí ag TG4 dá ioncam tráchtála don bhliain 2010 agus gnóthaíodh beagán le cois €2m ó fhógraíocht agus ó urraíocht. Cé gurbh ionann sin agus laghdú 12.5% i gcomparáid leis an mbliain 2009, ba mhaith an toradh é i bhfianaise lagtrá eacnamaíochta agus breis iomaíochta maidir le craoltóireacht teilifíse agus cúrsaí fógraíochta i gcoitinne.

- Lean TG4 i rith na bliana 2010 ag cur béime ar an gcóras oibriúcháin is éifeachtúla is féidir a chur i bhfeidhm, agus ar bhainistíocht costais ionas go gcinntítear an luach is fearr ar an airgead. Bhí an caiteachas oibriúcháin iomlán i rith na bliana 2010 agus €35.75m, laghdú 8% ar chaiteachas na bliana 2009. Ag teacht le cuspóirí TG4, ba é an caiteachas ar chlár an ghné ba mhó sa gcaiteachas oibriúcháin, beagnach 64% (gan na costais inmhéanacha clár san áireamh).

¹ Foinse: Oliver & Ohlbaum

(Athbhreithniú ar Mhaoiniú Poiblí PSB 2010)

4

FEIDHMÍOCHT TG4 I 2010

- Maidir le cúrsaí éifeachtachta go háirithe, lean TG4 den bhéim ar an luach is fearr a fháil ar an airgead i ngach réimse den ghnó. Tá barrthábhacht le coincheap an éifeachtacht caiteachais maidir leis an luach ar an airgead a mheas. Tá sé an-deacair “éifeachtacht” a thomhas taobh istigh de TG4 mar gheall nach furasta na táirgí a thomhas. Ina ainneoin sin, tá slata tomhais ann trínar féidir léargas a fháil ar an dúthracht a chaith TG4 lena chinntiú go mbítear ag obair chomh héifeachtach agus is féidir.

- Laghdú -3% sa bhliain 2009 agus -8% sa bhliain 2010 ar chaiteachas oibriúcháin TG4. Is féidir na figiúirí sin a chur i gcomórtas le titim -4.5% sa bhliain 2009 agus titim -1% sa bhliain 2010 maidir le hInnéacs Praghasanna na dTomhaltóirí. Bhí an caiteachas oibriúcháin ag TG4 sa bhliain 2010 7% faoi bhonn an IPT.
- Íslíú maidir le costais foirne², -5.3% sa bhliain 2009 agus -6% sa bhliain 2010. Arís is féidir na figiúirí seo a chur i gcomórtas leis an IPT agus bhí an laghdú maidir le costais foirne sa bhliain 2010 beagnach 5% faoi bhonn an IPT.
- Íslíú maidir le slata tomhais tábhachtacha i ndáil le costais, mar seo a leanas: laghdú ó €4.5k sa bhliain 2008 go dtí €4.4k sa bhliain 2009 go dtí €4k sa bhliain 2010 ar an gcaiteachas oibriúcháin iomlán in aghaidh na huaire craolacháin; laghdú ó €14.3k sa bhliain 2008 go dtí €13.8k sa bhliain 2009 go dtí €13k sa bhliain 2010 ar an gcaiteachas oibriúcháin iomlán in aghaidh na huaire de chlár Gaeilge.
- Tháinig íslíú ar na meánchostais foirne ó €71.4k sa bhliain 2008 go dtí €70.06k sa bhliain 2009 go dtí €67.5k sa bhliain 2010.
- Caitheadh 70% den mhaoiniú reatha ag TG4 ón Stáitchiste ar ábhar clár trí Ghaeilge, caitheadh 16% eile ar a chraoladh sin agus caitheadh an 14% eile ar bharrchostais a bhaineann leis sin, mar shampla bolscaireacht don chainéal agus do na cláir.
- Anois agus margadh géariomaíochta i réim anois maidir le cúrsaí craolacháin (agus córas digiteach teilifíse ar a bhfuil fáil ar na céadta cainéal anois ag níos mó ná 70% de na teaghlaigh teilifíse in Éirinn), ghnóthaigh TG4 sciar beagnach 2.1% den lucht féachana náisiúnta teilifíse, íslíú i gcomparáid le sciar na bliana 2009. Bhí íslíú suntasach ar an sciar ag an gcuid is mó de na cainéil



eile. Chomh maith leis sin, ní léirítear leis an bhfigiúr sin an sciar den lucht féachana a bhreathnaíonn ar TG4 ar ardáin dhigiteacha eile (i.e. Seinnteoir TG4) ná an lucht féachana a úsáideann deiseanna ‘iarfhéachaint’ (i.e. nuair a chuirtear cláir de chuid TG4 ar atráth go mbreathnaítear ar ball orthu le teicneolaíocht an Taifeadáin Físe Pearsanta (TFP). Dá mbeifí le hiad sin a chur san áireamh, níl amhras ar bith ach go mbeadh sciar TG4 den lucht féachana i bhfad níos airde ná an tomhas a thugtar air leis na seanmhodhanna tomhais, 2.1%. D’éirigh thar na bearta leis an Seinnteoir TG4 Beo i rith na bliana, mar shampla. Léiríodh trí anailís de chuid AMAS “State of the Net” (Geimhreadh 2010) go raibh éileamh mór ar shruthanna TG4 i rith na bliana 2010, go háirithe i mí Deireadh Fómhair, nuair a ceanglaíodh 343,000 sruth, mar gheall is dócha ar shraith cluichí faoi na Rialacha Idirnáisiúnta idir Éire agus an Astráil agus Féile an Oireachtais.

- Ba í an bhliain 2010 an bhliain ab fhearr fós do TG4 maidir leis an úsáid a bhaintear as an Suíomh Gréasáin agus as an tseirbhís Seinnteora. Osclaíodh leathanaigh ar

2 Lena n-áirítear gné chaipitilíthe

“Domsa is é TG4 croí na teilifíse Éireannaigh ag leibhéal an phobail – Éireannaigh ag léiriú clár Gaeilge faoi cheisteanna Éireannacha.” *Tuairim ón lucht féachana*

4



an Suíomh Gréasáin 6.1m uair i rith na bliana (ardú 63% i gcomparáid leis an mbliain 2009) agus bhí beagnach 1m léitheoir i gceist. Tá TG4 ag cur clár ar fáil ar an Idirlíon ón mbliain 2003 i leith. Baineadh amach buaicleibhéal nua maidir le sruthanna clár TG4 BEO i rith na bliana 2010, 2.65m (ardú 44% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin) agus bíonn an t-ábhar Gaeilge go léir ar fáil ar an tseirbhís anois, beo nó “ar atráth”, ar fud an domhain ar fad. Sáraíodh na spriocanna ar fad maidir leis an mbliain. D’fhéadfaí a rá go raibh “seirbhís Ghaeilge ar fud an domhain” á cur ar fáil ag TG4 do na mílte in Éirinn agus thar lear trí ábhar craoltóireachta a chur ar fáil ar fud an domhain ar fad tríd an tseirbhís Seinnteora. Rinne TG4 infheistíocht shuntasach sa tseirbhís i rith na bliana 2010, á chur féin chun tosaigh ar chaighdeán na hearnála d’fhonn ábhar a chur ar fáil a shásaíonn, ní amháin caighdeán an mhargaidh in Éirinn, ach na

caighdeán i margadh an Ríochta Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá chomh maith. Leanann TG4 den nuatheicneolaíocht dhigiteach a ghlacadh chuige féin ionas go leantar den fhorbairt ar an ábhar a tháirgtear. Is é is aidhm leis sin cinntiú go mbíonn na seirbhísí ar an Idirlíon ina seirbhísí tábhachtacha ag lucht úsáidte na Gaeilge, go dtugtar lucht úsáidte na Gaeilge le chéile agus go gcruthaítear le TG4 ar líne “an bhunfhoinse iontaofa” maidir le hábhar trí Ghaeilge ar an Idirlíon, go háirithe ábhar trí Ghaeilge do leanaí. Tá tábhacht faoi leith leis na seirbhísí ar an Idirlíon ag TG4 an tráth cinniúnach seo a bhfuil na pátrúin fhéachana faoi athrú mór mar gheall ar an úsáid a bhaintear as seirbhísí Seinnteora agus an “iarfhéachaint” a dhéantar trí sheirbhísí Taifeadán Físe Pearsanta (TFP). A bhuíochas de chórais nua teicneolaíochta, bíonn níos mó ábhar cartlainne ar fáil anois ar sheirbhís Seinnteora TG4 ná

mar a bhíodh riamh cheana. Bíonn clár le feiceáil tríd an tseirbhís seo go ceann 35 lá tar éis a gcráoladh ar an teilifís agus, an ní a fhágann Seinnteoir TG4 BEO chun tosaigh ar chórais eile in Éirinn, is féidir leis an lucht féachana breathnú ar chlár de chuid TG4 agus iad á mbeochraoladh.

- Mar a tharla roimhe seo, nuair a bhíonn acmhainní breise ar fáil do TG4 do chlár coimisiúnaithe sa bhreis, déantar infheistíocht bhreise sna tréimhsí is airde lucht féachana, mar shampla, faoi Nollaig, aimsir na Féile Pádraig &rl, nuair a tharlaíonn ardú suntasach ar an sciar den lucht féachana. 3 mhilliún duine a bhreathnaigh ar TG4 i Nollaig na bliana 2009 agus i rith na bliana 2010 féin, baineadh amach sciar 6.5% ar Lá Fhéile Pádraig agus sciar 5.7% ar Dhomhnach Cásca. Bhí deireadh na bliana 2010 ina bhuaicphointe againn nuair a tháinig ardú 6% ar

4

FEIDHMÍOCHT TG4 I 2010

- an lucht féachana i rith na Nollag i gcomparáid le Nollaig 2009.
- Lean TG4 den obair i rith na bliana 2010 ag ullmhú do bhunú TDT, go háirithe i gcomhthéacs craolacháin uile-oileáin. Leanadh de na hiarrachtaí cinntiú go mbeadh an tseirbhís ar fáil chomh forleathan agus is féidir i dTuaisceart Éireann. Ag eascairt as Meamram Comhthuisceana a d'fhógair Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí Feabhra 2010 maidir le socruithe cómhaltartacha maidir le rochtain ar chraolta teilifíse seirbhíse poiblí Thuaidh / Theas, ceapadh TG4 ar na comhaltaí barrthábhachta ar an nGrúpa Stiúrtha a bhunaigh Rialtas na Ríochta Aontaithe chun an tseift is fearr maidir le TDT do Thuaisceart Éireann a phlé chomh maith lena bhfuil sa Mheamram agus forálacha de chuid Chomhaontú Aoine an Chéasta a chur i bhfeidhm.
 - Maidir le TDT a thabhairt i gcrích, d'oibrigh TG4 go dlúth i 2010 le RTÉ agus leis na gníomhaireachtaí agus Ranna rialtais a bhain le hábhar ag cinntiú go ndéantar gach beart is gá ionas go mbeidh teacht chomh forleathan agus is féidir ar chraoladh TDT. Is mian linn go mbeadh an t-aistriú chuig an ré an chraolacháin dhigitigh trastíre chomh furasta agus is féidir agus muid ag teannadh le múchadh an chórais analógaigh i ndeireadh na bliana 2012. Chun na críche sin, ceapadh ionadaithe de chuid TG4 ar na coistí agus grúpaí oibre teicniúla agus cumarsáide ar fad a bhunaigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, ÚCÉ agus RTÉNL. Seolfar, faoin teideal nua "Saorview", an tarchur TDT ar MUX1 na cainéil náisiúnta, TG4, cainéil RTÉ agus TV3 i rith na bliana 2011. Tá i gceist Saorview a bheith ar fáil ag 98% de dhaonra na tíre faoin mbliain 2012.
 - Maidir le páirt TG4 sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, d'iarr an Rialtas ar an gComhchoiste Oireachtais maidir le Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta tuairimí a lorg agus a sholáthar maidir leis an straitéis. Rinne TG4 cur i láthair os comhair an Choiste sin agus leagadh béim ar an tábhacht atá le comhthéacs tarraingteach, siamsúil, leathanréimseach a chur ar fáil don Ghaeilge. Thug na Teachtaí Dála agus ag na Seanadóirí go léir moladh d'fheabhas TG4 go dtí seo agus don nuál a bhain lena chur chuige. Aithníodh go raibh beart ceannródaíoch sainiúil tugtha i gcrích a chuir an teanga i láthair go mealltach agus ar fáil go héasca ag cách. Foilsíodh an Straitéis i ndeireadh na bliana 2010 agus fuair sí tacaíocht ó na páirtithe polaitíochta go léir. Sonraítear sa Straitéis an ról lárnach atá ag TG4 agus an tábhacht atá ag an tseirbhís ag cur na teanga chun cinn san am atá le theacht, go mór mhór i measc daoine óga agus tuismitheoirí.
 - Lean TG4 i rith na bliana 2010 dá ról tábhachtach don earnáil léiriúcháin neamhspleách Ghaeilge in Éirinn agus den tionchar mór a bhíonn aige ar fhorbairt na hearnála sin ar fud an oileáin ar fad. Áirítear sa tionchar sin caiteachas san earnáil léiriúcháin neamhspleách in Éirinn; tionscnaimh chun bonn a chur faoi fhorbairt na hearnála i bPoblacht na hÉireann; tionscnaimh chun bonn a chur faoi fhorbairt na hearnála i dTuaisceart Éireann; agus, postanna ar tacaíodh leo agus tionchar ó thaobh eacnamaíochta.
- Caitheadh 75% (ós cionn €17m) de chaiteachas iomlán TG4 ar ábhar cláir a choimisiúnú ó chomhlachtaí san earnáil léiriúcháin neamhspleách i rith na bliana 2010. Baineann cuid mhór de sin le cuideachtaí atá lonnaithe sna Gaeltachtaí nó le cósta an Iarthair. Chuir TG4 2.3% níos mó d'uaireanta an chloig ar coimisiún i rith na bliana 2010 ná sa bhliain 2009, beagnach 4% níos mó ná sa bhliain 2008. Is ionann sin agus níos mó ná 6% d'ardú in imeacht dhá bhliain nuair a bhí cúrsaí eacnamaíochta go han-dona. Is léiriú é sin ar dhúthracht TG4 ag oibriú go dlúth leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách Ghaeilge chun bonn treise a choinneáil faoin earnáil. Tháinig ardú ar léiriúcháin intí / comhléiriúcháin leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách do chlár Gaeilge i rith na bliana 2010 freisin (ardú beagnach 14% sa bhliain 2010 i gcomparáid leis an mbliain 2009). Is léiriú eile arís seo ar dhúthracht TG4 maidir le forbairt scileanna agus cumais a chothú san earnáil trí oiread agus is féidir den ábhar nua nó bunúil trí Ghaeilge a fháil ón earnáil sin.
- Anuas ar an 81 duine a bhí fostaithe in TG4 i rith na bliana 2010, bhí TG4 ina bhonn taca go díreach le 283³ post eile san earnáil léiriúcháin neamhspleách. Ar bhonn náisiúnta, léirítear le hanailís iolraitheachta gur chuir TG4 €60.3m le hioncain ar fud na tíre sa bhliain 2010 agus go raibh 1036 post de thionchar ag baint leis i ngeilleagar na hÉireann.
 - Cé nach cuid den ioncam dilis TG4 féin atá i gceist, bíonn tábhacht leis an scéim *Fuaim agus Fís*, a riarann ÚCÉ, leis an gCiste Craoltóireachta Gaeilge (CCG) a riarann Northern Ireland Screen agus le maoiniú ó Bhord Scannán na hÉireann mar chistí do léiriúcháin trí Ghaeilge a ndéanann TG4 cómhaoiniú orthu agus a chraoltar ar an gcainéal. Ghnóthaigh léiriúcháin de chuid TG4 beagnach €4.7m i rith na bliana 2010 maidir le coimisiúin cláir trí oibriú i bpáirt le cistí a thagann faoi scáth ÚCÉ agus an CCG. Rinneadh

³ Athbhreithniú ar Léiriú Scannán agus Teilifíse in Éirinn na Cónaidhme Closamhairc 2010

“TG4 has excelled itself with many fine shows and documentaries” *Mayo News*

cómhaoiniú le páirtithe eile san earnáil i rith na bliana 2010 ar 12 clár faoin scéim *Fuaim agus Fís* agus 29 clár faoin scéim CCG. Chomh maith leis sin, ghnóthaigh TG4 €460k de chiste cómhaoiniúcháin i rith na bliana 2010 ó Bhord Scannán na hÉireann do léiriúcháin ar dhá chlár.

- Dhírigh TG4 i rith na bliana 2010 ar bhainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar chostais agus luach an airgid a bhaint amach i ngach gné den choimisiúnú agus a ceannachán. D'fhéach TG4 leis na costais oibriúcháin a laghdú agus bainistíocht éifeachtúil ar shócmhainní a thabhairt i bhfeidhm trí chostas na gclár a laghdú i gcomparáid le blianta eile agus i gcomórtas le craoltóirí eile. Chuir TG4 luach €17m de chlár ar coimisiún, a raibh 656 uair an chloig d'ábhar clár mar thoradh air. Meánchostas €26k in aghaidh na huaire a bhain leo seo. B'ionann sin agus ardú 3.5% ar iomlán na n-uaireanta a chloig a cuireadh ar coimisiún i rith na bliana 2009. Tharla, áfach, laghdú breis agus 6% ar an gcaiteachas iomlán de thoradh íslíú 9% ar an meánchostas in aghaidh na huaire i gcomparáid leis an mbliain 2009. Is léiriú sonrach sin ar a dhíograiseach agus atá TG4 chun an luach is fearr is féidir a fháil ar airgead as cistí poiblí.
- Sa gcomparáid idir táillí TG4 per uair an chloig de chlár coimisiúnaithe agus táillí BBC agus S4C, is léir go dtagann táillí uile TG4 ar fud na seánraí tábhachtacha go léir faoi bhun nó sa réimse is ísle maidir le táillí i leith seánraí den chineál céanna ag an BBC. Is maith a thagann TG4 as comparáid le S4C agus, tríd is tríd, is cosúil gur inchomórtais go héasca an táille coimisiúnaithe in aghaidh na huaire a íocann TG4. Cé go bhfuil difríochtaí idir na margaí le tabhairt san áireamh, is teist seo ar an mbéim atá ag TG4 ar chostais agus ar luach an airgid a bhaint amach.
- Gheall TG4 go mbainfí roinnt spriocanna amach i ndáil le córais dá chuid agus na próisis agus na gnáis a ghabhann leo a thabhairt chun cinn i 2010. Tá forbairt chórais ina gné shuntasach den chlár caipitil ag TG4 a ndéantar athbhreithniú air agus é a chur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil agus monatóireacht mhíosúil air. Is gné bhuntábhachtach seo de dhícheall TG4 laghdú ar chostais oibriúcháin, úsáid éifeachtúil as sócmhainní a thabhairt i gcrích agus cur leis an táirgeacht. Baineadh amach na spriocanna go léir.

Tá TG4 ag cur togra cartlainne trí chéim i bhfeidhm agus tabharfar Córas Bainistíochta ar Shócmhainní Digiteacha (DAMS) isteach faoi chomh maith le Cartlann ar fhreastalaí. Baineadh amach na spriocanna ar fad maidir le DAMS i rith na bliana 2010. Cuireadh réimse

beart forbartha eile ar an gcóras i bhfeidhm chomh maith. Mar shampla, eisítear na horduithe ceannacháin ar fad go leictreonach anois agus déantar tairiscintí agus sonraisc a scanáil agus a shlánchóiriú go hiomlán ar bhonn leictreonach sa chóras bainistíochta cáipéisí DCS. Rinneadh an córas AD a shlánchóiriú le córas Inlín TG4, rud a chuireann ar chumas na foirne pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh maidir le laethanta saoire agus bainistíocht ar phátrúin chasta uainchláir. Tugadh faoi roinnt beart mórthábhachtacha chun feabhas a chur ó thaobh slándála agus sábháilteachta ar an mbonneagar sonraí ag TG4. Rinneadh slánchóiriú breise maidir leis an gcóras MediaGenix (Sceidealú) chomh maith le barr feabhais a chur ar an Seomra Eagarthóireachta Ar-Líne agus straitéis maidir le comhaid Ardghléine (HD) a thabhairt i gcrích. Ag teacht leis na forbairtí nua maidir leis na córais sin, thug TG4 roinnt forbartha ar phróisis agus ar ghnáis oibre i bhfeidhm chomh maith.

- D'oibrigh TG4 go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus le ÚCÉ i rith na bliana 2010 d'fhonn treisiú le ceapadh an bheartais maidir le cúrsaí craolacháin agus gach a n-éilítear ó thaobh rialachais agus comhlíontais a thabhairt i gcrích. Oibríodh go dlúth leis an mBord freisin chun na caighdeáin is airde a chinntiú maidir le rialachas corparáide, bainistíocht i ndáil le cúrsaí riosca agus comhall na gcód, na mbeartas agus na gcaighdeán ar fad ó thaobh gnóthaí corparáide agus cúrsaí craolacháin de. Chomh maith le bearta iniúchóireachta inmheánacha, thug TG4 faoi athbhreithniú iomlán ar an eagraíocht i ndáil le cúrsaí riosca i ndeireadh na bliana 2010. Bhí gach duine den bhainistíocht shinsearach páirteach san athbhreithniú agus rinne DHKN áisitheoireacht air.
- Mar chraoltóir seirbhíse poiblí bíonn páirt ghníomhach ag TG4 in aon bheartaíocht trína gcuirtear lón comhairle ar fáil le haghaidh socruithe polasaí, forálacha agus teoracha reachtaíochta de chuid na hÉireann nó na hEorpa trína ndéantar rialú agus rialúcháin ar chúrsaí craolacháin. Lean TG4 i rith na bliana 2010 dá bhallraíocht in eagraíochtaí ionadaíochta de leithéid TBIG, Cónaidhm Chlosamhairc IBEC, Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) agus gréasán WIBTN agus bhíothas dúthrachtach maidir le freastal ar chruinnithe. Ainneoin a theoranta atá TG4 maidir le méid agus acmhainní, leanadh de ról ceannródaíochta i gcuid mhór de na heagraíochtaí sin.



Gradam Ceoil **TG4**



BORD THEILIFÍS NA GAEILGE AGUS EOLAS EILE

4



Peadar Ó Cuinn
(Cathaoirleach)



Pól Ó Gallchóir
(Ardstiúrthóir)



Fergal Ó Sé



Regina Uí Chollatáin



Seosamh Ó Conghaile



Eilís Ní Chonnaola



Méabh Mhic Gairbheith



Méadhbh Nic an Airchinnigh



Pádraic Mac Donncha



Bríd Ní Neachtain



Rónán Ó Coisdealbha



Concubhar Ó Liatháin

1. Bord Theilifís na Gaeilge agus Eolas Eile

Cuireadh Bord Theilifís na Gaeilge ar bun i mí Aibreán 2007 de réir fhoráil de chuid an Achta Craolacháin, 2001. Is é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha a cheap comhaltaí an Bhoird.

Bhí ocht gcinn de chruinnithe ag an mBord i rith na tréimhse 12 mí anuas go dtí an 31 Nollaig 2010.

2. Comhaltaí an Bhoird agus an Stiúrthóir Ginearálta faoi mar a bhí an 31 Nollaig 2010

Peadar Ó Cuinn (Cathaoirleach)
Pól Ó Gallchóir (Ardstiúrthóir)
Seosamh Ó Conghaile
Eilís Ní Chonnaola
Pádraic Mac Donncha
Bríd Ní Neachtain
Fergal Ó Sé
Regina Uí Chollatáin
Méabh Mhic Gairbheith
Méadhbh Nic an Airchinnigh
Rónán Ó Coisdealbha
Concubhar Ó Liatháin

4

BORD THEILIFÍS NA GAEILGE
AGUS EOLAS EILE**Rúnaí na Cuideachta agus an Oifig Chláraithe**

Mary Uí Chadhain
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

Rúnaí an Bhoird

Pádhraic Ó Ciardha

Fo-Choistí de chuid an Bhoird

Tá dhá fho-choiste de chuid an Bhoird ann, mar seo a leanas:

3. An Coiste Iniúcháireachta

Tá triúr comhalta den Bhord a dhéanann fónamh mar chomhaltaí den Choiste Iniúcháireachta-

Regina Uí Chollatáin (Cathaoirleach)
Pádraic Mac Donncha
Fergal Ó Sé

I rith na tréimhse 12 mí anuas go dtí an 31 Nollaig 2010, bhí ceithre chruinniú den Choiste ann agus cuireadh tuairisc faoi bhráid an Bhoird tar éis gach ceann de na cruinnithe. Is díreach leis an gCoiste Iniúcháireachta a dhéantar tuairiscíocht maidir leis an Iniúcháireacht Inmheánach.

4. An Coiste Luach Saothair

Seo a leanas comhaltaí an Choiste Luach Saothair:

Peadar Ó Cuinn (Cathaoirleach)
Eilís Ní Chonnaola
Méabh Mhic Gairbheith
Bríd Ní Neachtain

I rith na tréimhse 12 mí anuas go dtí an 31 Nollaig 2010, bhí aon chruinniú amháin den Choiste ann.

5. Iniúcháir

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Bloc an Chisteáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

6. Atur nae

Landwell Solicitors
Uimhir a hAon, Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1


7. Príomhbhaincéirí

Banc Aontas Éireann
Caisleán an Loingsigh
Sráid na Siopaí
Gaillimh

8. Achtúire

PricewaterhouseCoopers
Uimhir a hAon, Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

GAA BEO



4

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil TG4 i leith na bliana 2010 a chur i láthair.

Is í aisling TG4 go leanfar den Ghaeilge agus de chultúr na hÉireann a chur chun cinn trí ábhar a chur ar fáil ar an teilifís agus ar an Idirlíon ionas go gcinntítear áit lárnach dó i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar sáile. Ainneoin bliain ar bhain cruachásanna go leor léi ó thaobh cúrsaí airgeadais, chruthaigh TG4 go breá i dtabhairt na haislinge seo i gcrích agus bhí an t-ardchaighdeán agus an tsainiúlacht a bhaineann leis an ábhar clár mar chroí-chuid de sin arís.

Mairimid i gceann na tréimhsí lagtrá is géire a tharla riamh sa tír seo. Tá gach earnáil tionsclaíochta buailte aige agus níor tháinig na heagraíochtaí is treise saor ó dheacrachtaí mar gheall ar a thobainne is a tharla an cúlú. Ní eisceacht ar bith é tionscal na craoltóireachta. Bhí ar TG4, chomh maith leis na craoltóirí eile, oibriú i margadh cumarsáide ar géire agus ar tréine i gcónaí an iomaíocht ann de réir mar a théann an lagtrá leanúnach i gcúrsaí eacnamaíochta i bhfeidhm agus an t-ioncam ó fhógraíocht agus ó urraíocht á laghdú dá réir. Tá deacrachtaí móra cruthaithe aige sin do TG4 agus ganntan acmhainní ag cur isteach ar gach réimse den ghnó, go háirithe ar an gcumas ábhar suntasach sonrach a fháil ar coimisiún nó trí cheannachán.

Ainneoin ghéire an dúshláin, d'éirigh le TG4 cuid mhór a bhaint amach i rith na bliana. Díol suntais arís an sceideal tréan bríomhar d'ábhar clár a chuir TG4 ar fáil. Ar chuid de na buaicphointí ó thaobh na gclár de, bhí an tsraith "1916 Seachtar na Cásca" a tharraing aird agus moladh agus, mar léiriú ar an tábhacht atá le spórt, spórt na hÉireann go háirithe, i saol agus i gcultúr na hÉireann, roinnt imeachtaí móra tábhachtacha spóirt a chraoladh

beo, na cluichí peile faoi Rialacha Idirnáisiúnta as Luimneach agus Páirc an Chrócaigh ina measc.

Ar na nithe eile a baineadh amach i rith na bliana, d'éirigh go hiontach le seirbhísí TG4 ar an Idirlíon agus leis na seirbhísí Seinnteora. Caitheadh cuid mhaith ama agus acmhainní i rith na bliana 2010 ar fhorbairt "TG4 BEO", an tseirbhís Seinnteora. Baineadh amach buaicphointe nua maidir le leibhéal sruthanna clár, 2.65m, i rith na bliana 2010. Osclaíodh leathanaigh ar Shuíomh Gréasáin TG4 6.1m uair agus bhí beagnach 1m cuairteoir i gceist. Is féidir a rá gur seirbhísí Gaeilge iad sin a chuirtear ar fáil ar fud an domhain ar fad agus go mbíonn na mílte ag breathnú orthu gach lá in Éirinn agus thar lear. Ba dheacair dul thar fóir faoin tábhacht atá leo, go háirithe le linn na géarchéime faoi láthair agus oiread de mhuintir na tíre ag dul ar imirce ag lorg oibre thar lear. Cuireann TG4 deis ceangail rífhíúntach leis an nGaeilge agus le cultúr na hÉireann ar fáil trí na seirbhísí seo don iliomad duine nach in Éirinn atá siad lonnaithe.

Beart eile a baineadh amach i rith na bliana 2010 ar fiú aird a dhíriú air is ea an obair leanúnach maidir le Teilifís Dhigiteach Trastíre (TDT) a thabhairt i bhfeidhm, go háirithe i gcomhthéacs seirbhís chraolacháin uile-oileáin a thabhairt i gcrích.

Lean TG4 den dícheall maidir le cinntiú go mbeadh an tseirbhís ar fáil chomh leitheadach i dTuaisceart Éireann agus is féidir. Is údar ríméid dom an toradh atá ar an obair sin. Ag eascairt as Meamram Comhthuisceana a d'fhógair Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí Feabhra 2010 maidir le socruithe cómhaltartacha maidir le teacht ar chraolta teilifíse seirbhíse poiblí Thuaidh / Theas, ceapadh TG4 ar na comhaltaí barrthábhachta ar an nGrúpa Stiúrtha a chuir Rialtas na Ríochta Aontaithe ar

bun chun an tseift is fearr maidir le TDT do Thuaisceart Éireann a phlé chomh maith lena bhfuil sa Mheamram agus forálacha de chuid Chomhaontú Aoine an Chéasta a chur i bhfeidhm.

Ba chúis áthais don Bhord foilsíú an Rialtais ar *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* ag deireadh na bliana agus tacaíocht láithreach na bpáirtithe polaitíochta ar fad dó. Tá bonn tábhachtach do bheartais ar fáil sa *Straitéis* do réimse leathan gníomhaíochtaí agus aithnítear ann an ról lárnach atá ag TG4 chun deis mealltach uileghabhálach a chur ar fáil don teanga le gach teaghlach in Éirinn.

Maidir le todhchaí TG4, tá idir dheiseanna agus dhúshlán amach romhainn. Beidh cúrsaí eacnamaíochta agus cúrsaí airgeadais ar an dúshlán is géire a bheidh romhainn go ceann tamaill. Cé go bhfuilim cinnte go leanfaidh TG4 de sceideal mealltach tarraingteach clár a sholáthar tá maoiniú poiblí leordhóthanach ina riachtanas barrthábhachtach i gcónaí. Tá géar-iomaíocht san margadh teilifíse in Éirinn agus na céadta cainéal ar fáil ag cách trí shaitilít, cábla agus MMDS. Is dúshlán mór seo agus is ceann eile tionchar atá ag cúrsaí teicneolaíochta ar an saol trí athrú ó na hardáin seanbhunaithe agus córais lena mbaineann toradh tráchtála níos ísle a thabhairt i dtreis. Tá deiseanna go leor ann freisin, is maith liom a rá. Is iontach, chomh fada agus a bhaineann leis an nGaeilge mar a d'éirigh le TG4 agus tá rún againn leanacht leis an dul chun cinn ina leith sin. Táim ag tnúth leis an mbliain seo romhainn agus leis an obair dhlúth le lucht bainistíochta TG4 maidir leis na cúrsaí seo go léir agus leis an iliomad ceist eile.

Ba mhaith liom mo chuid buíochais a chur in iúl anois do roinnt daoine agus eagraíochtaí tábhachtacha.

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Tharla roinnt athruithe maidir le comhaltaí an Bhoird i rith na bliana 2010 agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na comhaltaí ar fad as a gcuid dúthrachta agus a gcuid díograise ar son TG4. Cuireadh fáilte roimh bheirt chomhaltaí nua na bliana 2010; ionadaí na foirne, Rónán Ó Coisdealbha agus Concubhar Ó Liatháin.

Ba mhaith liom aird faoi leith a dhíriú go sonrach ar an obair a rinneadh le Comhairle an Lucht Féachana ar a bhfuil 15 comhalta a chur ar bun faoi Chathaoirleacht Phádraig Mhic Dhonncha, comhalta Boird. Tá barrthábhacht leis an gComhairle sin maidir le cinntiú go mbíonn TG4 ar an eolas faoi thuairimí an phobail faoi thoradh na hoibre agus go mbaintear úsáid éifeachtúil as an aiseolas sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Éamon Ryan TD agus lena chuid oifigeach sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha, go háirithe an Rúnaí Cúnta Peter O'Neill a chuaigh ar pinsean i mbliana, mar gheall ar an gcúnamh agus ar an gcomhairle a bhí againn uathu i rith na bliana 2010.

Leanadh ag oibriú go breá i rith na bliana 2010 le ÚCÉ agus is mian liom buíochas a ghlacadh leosan chomh maith as an gcúnamh agus as an gcomhairle a bhíonn ar fáil go leanúnach uathu.

Tá buíochas ag dul do RTÉ as an gcúnamh seasta leanúnach do TG4, go háirithe as an soláthar 365 uair an chloig de lón ábhair i nGaeilge a chuirtear ar fáil faoin reachtaíocht gach bliain.

Táthar buíoch do Mhicheál Ó Muircheartaigh, a bhíonn go rialta ar chlár de chuid TG4, agus a chuaigh ar scor i mbliana tar éis 60 bliain dá dhúthracht a chaitheamh leis an CLG arbh é a ghlór is so-aitheanta ina leith.

Gabhaimid buíochas leis as a ndearna sé le TG4 in imeacht na mblianta agus guímid gach rath air sa saol nua atá roimhe.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl freisin don lucht bainistíochta agus don fhoireann dhíograiseach atá ag TG4 faoin cheannaireacht stuama an Ardstiúrthóra, Pól Ó Gallchóir. Ainneoin dheacrachtaí na bliana, shaothraigh Pól agus an fhoireann go dícheallach chun cinntiú go gcruthódh TG4 chomh maith agus a d'fhéadfaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Rúnaithe an Bhoird agus le gach duine eile a bhfuil a gcion déanta acu maidir leis an rath atá i gcónaí ar TG4.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aird a dhíriú ar cheithre bliana déag de chraoladh teilifíse sainiúil atá déanta trí Ghaeilge ag TG4 trína ndearnadh ceiliúradh ar an nGaeilge, ar chultúr na hÉireann agus ar an tsaoithiúlacht le dearcadh sonrach na "súile eile". Tugtar maoiniú do TG4, an tseirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge, ionas go gcuirtear réimse iomlán ábhair ar ardchaighdeán ar fáil i nGaeilge don lucht féachana in Éirinn agus thar lear. Ní mór coinneáil leis sin ionas go bhféadann TG4 an seasamh atá aige mar eagraíocht den tábhacht i margadh iomaíochta teilifíse na hÉireann a chaomhnú agus sa chaoi sin, leanacht den Ghaeilge a chur chun cinn agus den taitneamh a bhaineann léi a chur i dtreis.

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach



MAGNERS
LEAGUE

TUARASCÁIL AN ARDSTIÚRTHÓRA

RÉAMHRÁ

I rith na bliana 2010, lean an tréimhse ródheacrachta atá ag TG4 agus ag gach gnóthas a bhaineann le eacnamaíocht na hÉireann. Lean an cúlú eacnamaíochta ar aghaidh agus chuir géarchéim na mbancanna isteach ar an bhfiachas náisiúnta agus ar leibhéil iasachtaí an Stáitchiste. Mar chuid den dícheall tabhairt faoin gcruachas eacnamaíochta agus airgeadais, tugadh gach gné den chaiteachas poiblí faoi mhionscrúdú géar agus aithníodh go raibh laghdú sa chaiteachas rithábhachtach chun tabhairt faoin easnamh sa Bhuiséad ag an Rialtas.

Ina fhianaise sin, tháinig laghdú ar bhuiséad TG4 ó €38.01m ag tús na bliana 2009 go dtí €32.25m sa bhliain 2010 – íslíu 15%. Seo an leibhéal is ísle buiséid againn ón mbliain 2007 i leith. Anuas air sin, mar gheall ar an laghdú géar sa chaiteachas ar fhógraíocht agus ar urraíocht in Éirinn, tháinig laghdú tubaisteach ar an ioncam tráchtála ag TG4 - laghdú de chéatadán is mó ná 40% i rith na tréimhse céanna.

Ghoill an dá chor sin go mór ar chúrsaí airgeadais TG4. I rith na bliana 2009 agus tús na bliana 2010, bhí ar an bhainistíocht agus ar an fhoireann socruithe deacra a dhéanamh maidir le gach réimse caiteachais dár gcuid. Bhí orainn oibriú go dlúth, ní amháin taobh istigh den eagraíocht, ach i gcomhar freisin leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách Ghaeilge, chun teacht ar aontú faoin dóigh a dtabharfaí aghaidh ar na deacrachtaí airgeadais ar fad. Bhí d'aidhm againn, ní amháin costais a laghdú, ach bonn taca a choinneáil chomh maith faoin earnáil léiriúcháin neamhspleách Ghaeilge. Is ar scáth a chéile a mhairimid agus is mian linn cláir ardchaighdeán a léiriú don lucht féachana Éireannach, anseo agus thar lear. Cé go ndearnadh iarracht, nuair ab fhéidir sin, laghdú ar an gcaiteachas ar chláir a sheachaint, bhí orainn giorrú a chur i bhfeidhm i ngach réimse den obair. Ina ainneoin sin, ní foláir a rá gur oibrigh cur chuige an chomhair go maith maidir le hísliú costais agus tá buíochas agus moladh tuillte ag Bord TG4, ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann as a ndíograis dochloíte ag tabhairt aghaidh ar na deacrachtaí eacnamaíocha seo ar fad.

CLÁIR

Ainneoin na ndeacrachtaí iomadúla airgeadais, sháraigh TG4 an sprioc a bhí beartaithe maidir le cláir nua, sainiúla Gaeilge ar ardchaighdeán i rith na bliana. Tugadh sin i gcrích trí oibriú go dlúth i gcomhar leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách Ghaeilge chomh maith le ceannacháin an ábhair idirnáisiúnta. Cinntíodh go raibh

cláir i nGaeilge á bhfáil ar fud na seánraí clár ar fad agus é de chuspóir againn an éagsúlacht cultúir ar fud oileán na hÉireann ar fad a léiriú chomh maith le siamsaíocht, eolas agus lón intinne a chur ar fáil. Ar chuid na buaicphointí maidir le cláir i rith na bliana 2010, bhí “1916 Seachtar na Cásca”, sraith faoi cheannairí an Éirí Amach, a sheol an Taoiseach, Brian Cowen TD i mí Meán Fómhair 2010 agus a raibh moladh go forleathan uirthi, “Gualainn le Gualainn” an tsraith faisnéise ar stair an rugbaí in Éirinn chomh maith le cláir iontacha eile de leithéid “Ó Bhearna go Carna”, “Bliain in Inis Meáin”, “Dún Chaoin”, “Na Cloigne”, “Lorg Lunny” agus “T K Whitaker”.

Bhí tábhacht arís i mbliana le cúrsaí spóirt sa gclársceideal. Craoladh cluichí de chuid an CLG, rugbaí i gcomórtas Shraithe Magners ó mhí Meán Fómhair 2010 ar aghaidh agus i mí Deireadh Fómhair 2010, bhí na cearta beochraolta teilifíse againn don dá chluiche peile idir Éire agus an Astráil faoi na Rialacha Idirnáisiúnta a craoladh as Luimneach agus as Páirc an Chrócaigh.

Ar na buaicphointí eile, bhí “Oireachtas na Gaeilge 2010” a reachtáladh i gCill Airne, “Gradam Ceoil TG4 2010” a craoladh ón Áras Ceoldráma i Loch Garman.

Leanadh i 2010 den tseirbhís chuimsitheach laethúil don aos óg, “Cúla4 na nÓg” do leanaí réamhscolaíochta, an clár “Cúla4” do leanaí níos sine ná sin a mbíonn antóir air sa tráthnóna, agus “Ponc” do lucht féachana na ndéagóirí. Rinneadh athghuthú in imeacht na bliana bhreis is 200 uair an chloig de chlár tharraingteacha agus oideachasúla do leanaí, ag díriú go mór mhór ar ábhar do leanaí réamhscolaíochta, leanaí idir 6-13 bliana d’aois agus lucht féachana na ndéagóirí.

Cuireadh leis an sceideal trí chomhráití maidir le conarthaí cearta nua maidir le hábhar clár. Luaitear mar shampla socruithe maidir le Sraith rugbaí Magners cearta craolta ar cluichí faoi Rialacha Idirnáisiúnta Peile agus na comhráití maidir le conradh nua ar chearta craolta CLG go dtí an bhliain 2014.

GRADAIM

Is cruthúnas ar fheabhas na gclár i 2010 go raibh sí ar an mbliain ab fhearr riamh ag TG4 ó thaobh líon na ngradam agus na n-ainmniúchán gradaim dá chuid clár, pearsaí agus margaíochta / brandála. Gnóthaíodh **82 gradam agus ainmniúchán** in iomláine, dhá oiread líon na bliana 2009. I measc na bpríomhghradam do chlár, bhí duais IFTA do “Rásaí na Gaillimhe”, trí ghradam ag Féile na Meán

4

TUARASCÁIL AN ARDSTIÚRTHÓRA

Ceilteach do “Mobs Mheiriceá”, “Faoi Lán Cheoil” agus “Seacht”, cúig cinn de Ghradaim Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge, ina measc gradaim do “Seó Spóirt” agus “Na Cloigne”, agus gradam de chuid Fleadh Scannánaíochta na Gaillimhe do “An Píopa”. Bronnadh Gradam Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge do Láithreoir Teilifíse na Bliana ar láithreoir Nuachta TG4, Eimear Ní Chonaola.

Ní féidir caighdeán na gclár a chuireann TG4 amach a scaradh ó chaighdeán an ábhair a chuirtear ar fáil ar coimisiún. Oibríodh go dlúth i rith na bliana 2010 leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách Ghaeilge d’fhonn cinntiú go mbeadh bonn treise faoin earnáil agus go bhféadfaí clár den cháilíocht agus den chaighdeán a éilimid a chur ar fáil chomh maith le luach an airgid a chinntiú. Rinneadh coimisiúnú ar ós cionn luach €17m d’ábhar clár ón earnáil i rith na bliana 2010 agus tugadh faoi thionscnaimh freisin a chuireann bonn faoi chruthaitheacht na hearnála agus tograí clár a thabhairt chun cinn.

Mar bhonn taca eile faoin sceideal, leanadh den pháirt a ghlactar ngréasán do chraoltóirí teilifíse na dteangacha bundúchasa (WITBN) agus sna scéimeanna malartaithe a ritheann sé do chláir fhaisnéise agus ábhar nuachta. Tháinig 34 uair an chloig de chláir nua faisnéise, “saol an duine”, nuacht agus cúrsaí reatha chuig TG4 ón ngréasán seo i rith na bliana 2010 mar thoradh ar an soláthar ceithre huair a chloig d’ábhar clár dár gcuid féin a chuireann TG4 isteach sa scéim.

LUCHT FÉACHANA

Tharraing clár agus ábhar TG4 lucht féachana tréan go dtí TG4 ar gach ceann de na hardáin féachana. Ar an ardán traidisiúnta teilifíse,

baineadh amach sciar 2.1%, toradh maith nuair thugtar san áireamh an iomaíocht agus t-athrú atá faoi shaol na craoltóireachta anois agus os cionn 70% de theaghlaigh teilifíse na hÉireann ina dteaghlaigh digiteacha agus na céadta cainéal teilifíse ar fáil i ngach teaghlach acu.

Is iad na gnáthphátrúin le tamall anuas go gcailleann na cainéil trastíre níos seanbhunaithe sciar den lucht féachana leis an iliomad cainéal nua idirnáisiúnta atá ar fáil ar mhargadh na hÉireann agus sin mar gheall ar ardú seasta sa chéatadán de theaghlaigh in Éirinn a bhfuil teacht acu ar chomhartha digiteach. Tháinig laghdú ar an sciar ag beagnach gach ceann de na cainéil trastíre i rith na bliana 2010. Cé gur méadaíodh sciar TG4 i rith na bliana 2009, measadh go mbeadh deacracht i bhfad níos mó ag baint leis an mbliain 2010 agus an tréimhse as sin amach mar gheall ar an teilifís dhigiteach a bheith ag teacht ar an bhfód i bhfad níos tréine i margadh na hÉireann. Bhí baol riamh ann do TG4 ón bhforás digiteach agus ó bhí os cionn 70% den mhargadh ag glacadh a gcuid teilifíse ó chórais dhigiteacha faoi dheireadh na bliana 2010, bainfidh deacracht leis an sciar den lucht féachana a choinneáil sa mhargadh teilifíse digiteach a bheidh i réim as seo amach. Is den bhuntábhacht ina dhiaidh sin féin gur cheart an sciar den lucht féachana atá againn a mheas i gcomhthéacs an “lucht féachana ar fad ar fud na n-ardán digiteach” (idirlíon, taifeadán físe pearsanta [PVR] agus seirbhísí Seinnteora) agus tá TG4 ag cruthú go breá i gcónaí sna réimsí sin.

Mar a tharla blianta eile roimhe seo, nuair a bhíonn acmhainní breise ar fáil do TG4 do chláir coimisiúnaithe sa bhreis, déantar infheistíocht bhreise i gCláir Ghaeilge do na tréimhsí is airde lucht féachana, mar shampla, faoi Nollaig, aimsir na

Féile Pádraig etc, nuair a tharlaíonn ardú suntasach ar an sciar den lucht féachana. Bhreathnaigh 3 mhilliún duine ar TG4 le linn séasúr na Nollag na bliana 2009 agus i rith na bliana 2010 féin, baineadh amach sciar 6.5% ar Lá Fhéile Pádraig agus sciar 5.7% ar Dhomhnach Cásca. Bhí deireadh na bliana 2010 ina bhuaicphointe againn nuair a tharla ardú 6% ar an lucht féachana i rith na Nollag i gcomparáid

Líon na gCuirteoirí uathúil ar an Láithreán Gréasáin

2010	962,395
2009	424,307
2008	430,000

Líon na Leathanach a Osclaíodh

2010	6,108,533
2009	3,751,105
2008	5,700,000

Líon na Sruthanna Clár ar an Seinnteoir

2010	2,648,895
2009	1,843,265
2008	1,625,829

le Nollaig na bliana 2009.

SEIRBHÍSÍ GRÉASÁIN

Ba í an bhliain 2010 an bhliain ab fhearr fós do TG4 maidir leis an úsáid a bhaintear as an Suíomh Gréasáin agus as an tseirbhís Seinnteora go

TUARASCÁIL AN ARDSTIÚRTHÓRA

háirithe. Rinne seirbhís Seinnteora TG4 (“TG4 BEO”) thar cionn ar fad. Baineadh amach buaicleibhéal nua maidir le sruthanna cláir, 2.65m (ardú 44% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin) agus bíonn an lón ábhair go léir ar fáil ar an tseirbhís anois, beo nó “iarfhéachaint”, ar fud an domhain ar fad. Ar an gcaoi chéanna, d’éirigh thar barr leis an Suíomh Gréasáin - osclaíodh leathanaigh 6.1m uair i rith na bliana - ardú 63% i gcomparáid leis an mbliain 2009 - agus bhí beagnach 1m léitheoir i gceist.

Caitheadh am agus acmhainní suntasacha i 2010 leis an tseirbhís Seinnteora a fhorbairt. Sheol TG4 an tseirbhís TG4 BEO sa bhliain 2003 agus rinneadh athsheoladh air i mí Feabhra 2010 faoin ainm TG4 Beo Player agus, a bhuíochas do chórais nua teicneolaíochta, bíonn níos mó ábhar cartlainne ar fáil anois air ná mar a bhíodh. Bíonn cláir le feiceáil tríd an tseirbhís seo go ceann 35 lá tar éis a gcráladh ar an teilifís agus, an cumas a fhágann TG4 BEO Player chun cinn ar chórais eile in Éirinn, is féidir leis an lucht féachana breathnú beo ar chlársceideal craolta TG4.

Leis na bearta sin agus bearta eile dá leithéid, tá de nós againn TG4 a choinneáil chun cinn ar chaighdeán na hearnála d’fhonn ábhar a chur ar fáil a shásaíonn, ní amháin caighdeán an mhargaidh in Éirinn, ach na caighdeáin i margadh an Ríochta Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá chomh maith - margaí ina bhfuil líon suntasach daoine de dhúchas na hÉireann.

Leanaimid den nuatheicneolaíocht dhigiteach a ghlacadh chugainn féin ionas go leantar den fhorbairt ar an ábhar a thairgítear agus é d’aidhm againn cinntiú go mbíonn ár gcuid seirbhísí ar an Idirlíon ina dhíol suntas ag lucht úsáidte na Gaeilge, go dtugtar lucht úsáidte na Gaeilge le chéile agus go gcruthaítear “an bhunfhoinse iontaofa” maidir le hábhar trí Ghaeilge ar an idirlíon, go háirithe ábhar trí Ghaeilge do leanaí.

Tá tábhacht faoi leith leis na seirbhísí ar an Idirlíon freisin an tráth cinniúnach seo a bhfuil na pátrúin féachana faoi athrú mór mar gheall ar an úsáid a bhaintear as seirbhísí Seinnteora agus an “iarfhéachaint” a dhéantar trí sheirbhísí TFP (PVR).

STRAITÉIS 20 BLIAIN AN RIALTAIS DON GHAELIGE

Tar éis comhairliúchán poiblí a dhéanamh go forleathan, shocraigh an Rialtas sa bhliain 2010 an obair ullmhúcháin maidir leis an straitéis 20 bliain don Ghaeilge a thabhairt chun críche trína iarraidh ar Chomhchoiste an Oireachtais maidir le Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta tuairimíocht faoi a lorg agus a chur ar fáil. Tugadh cuireadh do TG4 cur i láthair a dhéanamh ag cruinniú speisialta de

Chomhchoiste an Oireachtais. Leagamar béim ansin ar an tábhacht chinniúnach atá ag comhthéacs tarraingteach, siamsúil, leathanréimseach a chur ar fáil don Ghaeilge i saol na ndaoine. Bhí moladh ag na Teachtaí Dála agus ag na Seanadóirí go léir ar a fheabhas a d’éirigh le TG4 go dtí seo agus ar an nuáil a bhain leis an gcur chuige; tugadh aitheantas don bheart ceannródaíochta sainiúil a bhí tugtha i gcrích againn ina bhfuil an teanga curtha ar fáil go héasca agus go mealltach do chách. Tar éis don Choiste an breithniú ar an Straitéis a thabhairt chun críche, foilsíodh tuairisc an Choiste ina leith agus foilsíodh an Straitéis féin i ndeireadh na bliana 2010. Is léir go n-aithnítear sa straitéis a d’aontaigh an Rialtas agus a foilsíodh le tacaíocht ó na páirtithe polaitíochta ar fad go bhfuil ról lárnach ag TG4 anuas ar an tábhacht atá leis an tseirbhís ag cur na teanga chun cinn san am atá le theacht, go háirithe i measc daoine óga agus tuismitheoirí.

AN tATHRÚ GO DTÍ TARCHUR DIGITEACH TRASTÍRE (TDT)

Tar éis roinnt moille, tá an córas TDT le tabhairt i bhfeidhm i rith na bliana 2011 agus an córas teilifíse analógach atá ann faoi láthair le múchadh ag deireadh na bliana 2012. Mar gheall gur tharraing na hiarratasóirí siar ón bpróiseas maidir le seirbhís tráchtála TDT a thairiscint, ní bheifear in ann TDT tráchtála a thabhairt isteach go dtí go mbíonn an córas analógach múchta ar a luaithe. D’fhógair ÚCÉ ó shin go raibh rún aige ceadúnas a thabhairt do roinnt cainéal maidir le craoladh ar an dara MUX sula mbeadh sin i gceist. Craolfar na seirbhísí náisiúnta, (TG4, cainéil RTÉ agus TV3) ar MUX 1 agus seolfar seo faoin ainm “Saorview” i rith na bliana 2011. Tá i gceist, anuas air sin, go mbeadh breis cainéal ar MUX 2 agus rogha níos leithne féachana ar fáil dá réir sin. Tá d’aidhm leis an obair Saorview a bheith ar fáil ag 98% de dhaoine na tíre faoin mbliain 2012. Ina ainneoin sin, nuair nach bhfuil MUX 3, an MUX tráchtála, á thabhairt i bhfeidhm an tráth céanna le MUX 1 agus MUX 2, d’fhéadfadh go bhféadfadh sin nach mbainfí amach an mórlach cinniúnach agus seirbhís TDT inmharthana don tomhaltóir, rud a bheadh ina ábhar buartha ag TG4.

Is gearr go ndéanfar an córas analógach a mhúchadh sa Ríocht Aontaithe freisin agus leanadh i rith na bliana 2010 den obair dhlúth le gach gníomhaireacht agus Roinn rialtais ábharach d’fhonn cinntiú go mbíonn teacht chomh forleathan agus is féidir ar TG4 i dTuaisceart Éireann. Seolfar MUX 7 i dTuaisceart Éireann i rith na bliana 2011. Tá sin curtha ar fáil do na Craoltóirí Seirbhíse Poiblí agus is air a bheidh TG4 ar fáil. I rith na bliana 2012 a chuirfear ar siúl é.

4

TUARASCÁIL AN ARDSTIÚRTHÓRA

**AN BHEARTAÍOCHT LE
GEALLSEALBHÓIRÍ BUNTÁBHACHTACHA**

Glacann TG4, mar eagraíocht, páirt sa phlé i measc lucht an tionscail ar gach gné de na córais craolacháin, de na cóid chraolacháin agus de na rialacháin. Oibríodh go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus le ÚCÉ i rith na bliana 2010 d'fhonn treisiú le ceapadh an pholasaí maidir le cúrsaí craolacháin agus gach a n-éilítear ó thaobh rialachais agus comhlíontais a thabhairt i gcrích. Féachtar leis na caighdeáin is airde a chinntiú maidir le rialachas corparáide, bainistíocht i ndáil le cúrsaí riosca agus comhall na gcód, na bpolasaithe agus na gcaighdeán ar fad ó thaobh gnóthaí corparáide agus cúrsaí craolacháin de. Oibríodh go dlúth le ÚCÉ freisin maidir leis an maoiniú do chlár *Fuaim agus Fís* agus iarratais ina leith agus is mór againn an tairbhe a bhíonn as sin maidir leis na cláir a chuirtear amach.

Leanadh i rith na bliana 2010 freisin den pháirt ghníomhach a bhíonn againn in eagraíochtaí tábhachtacha de chuid an tionscail, mar shampla Broadcasters in Ireland Group (TBIG), an Chónaidhm Ciosamhairc de chuid IBEC, Aontas Craolacháin na hEorpa (ACE) agus an gréasán do chraoltóirí teilifíse bundúchasacha (WITBN). Ainneoin chomh teoranta agus atáthar ó thaobh méide agus acmhainní, tá ról ceannródaíochta i gcónaí againn i gcuid mhaith de na heagraíochta sin.




TG4 FIÚNTAS ÓN BHFÁLTAS

I rith na bliana 2010 bhí TG4 dúthrachtach maidir le cinntiú go bhfuil luach iomlán an airgid á bhaint amach. Tugadh straitéis i bhfeidhm lenar díriodh ar bhearta rialála leanúnacha maidir le cúrsaí costais agus ar tháirgeacht bhreise - chomh maith le forbairt ó thaobh ábhar clár agus an tseirbhís a chuirtear ar fáil.

Rinneadh cíoradh ar mhodhanna ina bhféadfaí "níos mó a bhaint as" an maoiniú a chuirtear ar fáil dúinn agus as an ioncam tráchtála. Íslíodh na costais oibriúcháin agus tugadh bainistíocht éifeachtúil ar shócmhainní i gcrích tríd an gcóras do Bhainistíocht ar Shócmhainní Digiteacha a chur i bhfeidhm chomh maith le córais craolacháin eile agus an feabhas táirgeachta a théann leo. Coinníodh le leibhéil chomh híseal agus is féidir maidir le barrchostais agus dá thoradh sin cinntíodh gur caitheadh, i rith na bliana 2010, os cionn 86 cent de gach euró de chistí ó fhoinsí poiblí ar chlár agus ábhar clár trí Ghaeilge a léiriú agus a chraoladh go díreach. Tuigtear go soiléir go bhfuil de dhualgas orainn toradh fiúntais a shaothrú ón bhfáltas agus go bhfuil freagracht orainn as an airgead poiblí a chaitear agus féachtar leis sin a bheith le sonrú ar gach gné dár gcuid oibre.

AN BHLIAIN ATÁ ROMHAINN

Ag féachaint chun cinn, is léir dúinn go leor dúshlán agus is breá linn an deis tabhairt go forbheartach fúthu. Ar na nithe buntábhachta i gcónaí do TG4, tá ceist an mhaoinithe a bheith dóthaineach agus é á chur ar fáil go hihbhliantúil. D'fhéadfadh, sa chás nach dtugtar sin i gcrích, go mbeadh drochthoradh aige air fhorbairt na seirbhíse agus ar an lucht féachana. Bheadh drochthoradh dá réir ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann agus ar chúrsaí fostaíochta san earnáil neamhspleách agus ar eacnamaíocht na tíre go ginearálta ó thaobh an tionchair eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir. Admhaítear ina dhiaidh sin féin nach mbeidh sé éasca maoiniú breise a aimsiú chun bonn a chur faoi TG4 i rith na mblianta seo romhainn. Leanfar d'fhorbairt ár gcuid seirbhísí ar fud réimsí éagsúla, idir an sceideal craoltóireachta agus TDT, agus ár gcuid seirbhísí ar an Idirlíon. Leanfar freisin ag obair go dlúth le hearnáil

**Caiteachas
Oibriúcháin Iomlán****Costais Foirne Iomlán****% an Athraithe maidir
le Caiteachas
Oibriúcháin Iomlán****% an Athraithe
maidir le Costais
Foirne Iomlán**

na léiritheoirí neamhspleacha Gaeilge maidir le smaointe nua a thabhairt chun cinn agus clár nua a bheidh ina lón eolais agus siamsa ag an lucht féachana.

TUARASCÁIL AN ARDSTIÚRTHÓRA

Sula nglacaim buíochas leo sin ar fad a thuill go maith é i rith na bliana, ba mhaith liom an t-aisteoir Mick Lally as Tuar Mhic Éadaigh i nGaeltacht Mhaigh Eo ó dhúchas, a fuair bás i rith na bliana, a lua. Bhí páirt aige i gcuid mhaith léiriúcháin de chuid TG4 lena linn, páirt i “Ros na Rún” ar an gceann deiridh acu. Aisteoir de scoth an domhain a bhí ann ar stáitse agus os comhair ceamara

fad agus táthar ag tnúth le hoibriú i gcomhar leo arís sa bhliain atá romhainn amach. Ba mhaith liom mar fhocal scoir mo chuid buíochais a chur in iúl do mo chuid comhghleacaithe ar bhainistíochta agus ar fhoireann TG4. Ba bhliain í ar cuireadh deacrachtaí os ár gcomhair; tuigim é sin agus ba mhaith liom dúthracht agus díograis gach duine den fhoireann a admháil agus a thréaslú leo.


Ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do Dháithí Ó Sé a d’imigh chun dul go dtí RTÉ tar éis 10 mbliana ag fónamh le dúthracht do TG4. Guímid gach rath air ina shaol oibre nua.

Pól Ó Gallchoir
Árdstiúrthóir

Buíochas

Tá roinnt daoine ar mhaith liom buíochas a ghlacadh leo as ucht an chúnaimh a thug siad dúinn i rith na bliana. Ar an gcéad dul síos, tá mé buíoch den Aire Éamon Ryan TD agus d’oifigigh a Roinne as a gcuid oibre i leith TG4 i rith na bliana 2010. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis an gCathaoirleach Peadar Ó Cuinn agus leis an mBord as a ndúthracht seasta maidir le TG4 agus as an gcomhairle a chuir siad ar fáil do Mheitheal Feidhmiúcháin TG4 i rith na bliana.

Tá buíochas tuillte freisin ag ÚCÉ, Bord Scannán na hÉireann, Ciste Infheistíochta Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann, Údarás na Gaeltachta agus an earnáil neamhspleách a chuireann na cláir iontacha i nGaeilge ar fáil do TG4. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le RTÉ as ucht an bonn taca a chuirtear go leanúnach faoi TG4 agus as ucht 365 uair an chloig d’ábhar teilifíse trí Ghaeilge a chur ar fáil don tseirbhís gach bliain. Tá buíochas ag dul freisin don iliomad eagraíocht a n-oibrímid in éineacht leo ar mhaithe leis an nGaeilge agus le cultúr na hÉireann. Táthar buíoch díobh ar



NA CLOIGNE



RIALACHAS CORPARÁIDEACH

BORD TG4

Leagtar síos na dualgais atá ar chomhaltaí Bhord TG4 san Acht Craolacháin 2009. I gcomhlíonadh na ndualgas do chomhalta den Bhord, ní mór dó nó di deimhniú go ndéantar beartaíocht TG4 chun a chuid aidhmeanna, mar a leagtar amach iad in 118 (1), a thabhairt i gcrích go héifeachtach agus go críochnúil.

An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chur i bhfeidhm

Cloíonn Bord TG4 leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Cuireadh comhaltaí nua ar an eolas faoin gCód agus cuireadh cóipeanna ar fáil dóibh.

Dheimhnigh an Coiste Iniúchóireachta go raibh athbhreithniú déanta aige ar na bearta rialacháin airgeadais go himheánach in Teilifís na Gaeilge i rith na bliana 2010. Ghlac an Bord leis sin agus luadh é sna miontuairiscí do chruinniú an Bhoird ar an 20 Nollaig 2010.

Cuireadh treoir ar fáil do gach comhalta Boird chomh maith maidir leis na cóid iompair i gcúrsaí eitice agus go háirithe maidir lena bhfuil de fhreagracht orthu i ndáil leis an gcód iompair do chomhaltaí agus do bhaill foirne de chuid Theilifís na Gaeilge.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Is comhlacht poiblí forordaithe atá i mBord Theilifís na Gaeilge chun críche an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001.

Tá comhairle curtha ar chomhaltaí uile an Bhoird, ó tá stiúrtóireachtaí sainordaithe acu, agus do gach ball den fhoireann a bhfuil post sainordaithe acu maidir lena leagtar de dhualgas orthu faoin reachtaíocht i gcúrsaí eitice agus treoir chuí tugtha dóibh ina leith.

BAINISTÍOCHT MAIDIR LE BAOL Ó RIOSCA

Rinne an Bord, mar gheall ar an tábhacht a leagtar ar bhainistíocht maidir le cúrsaí baoil, athbhreithniú cuimsitheach maidir le riosca ar an eagraíocht i rith na bliana 2010. Cuireadh tuairisc mheasúnachta ar chúrsaí riosca faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú mhí na Nollag 2010. D'aontaigh an Bord, mar a leagtar amach sa tuarascáil, na rioscaí ionchais agus na straitéisí chun an baol a mhaolú.

Aontaíodh chomh maith gur próiseas leantach a bhí i gceist leis seo. Déanfar dá réir sin an clár rioscaí a leasú i rith na bliana 2011 agus a chur faoi bhráid an Bhoird in am tráth.

Tá na coistí seo a leanas curtha ar bun ag an mBord chun cuidiú leis na dualgais a leagtar air a chomhlíonadh.

Is iad an Coiste Iniúchóireachta agus an Coiste Luach Saothair na coistí. Luaitear na comhaltaí atá ar na coistí seo faoi Bhord Theilifís na Gaeilge agus Eolas Eile.

ÁIRítear le Ról agus Réimse Freagrachta an Choiste Iniúchóireachta:

RÁITIS AIRGEADAIS

- Athbhreithniú leis an mbainistíocht agus na hiniúcháirí seachtracha ar thorthaí na h-iniúchta
- Athbhreithniú ar dhréacht –Ráitis Airgeadais bhliantúla

INIÚCHADH INMHEÁNACH AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

- An plean iniúchóireachta inmheánach don bhliain atá ag teacht a aontú.
- Tuairiscí faoin iniúchóireacht inmheánach maidir le héifeachtúlacht na gcóras ar mhaithe le rialáil inmheánach a thabhairt faoi athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar bhearta molta a chur chun cinn.
- Monatóireacht agus athbhreithniú maidir leis an gcóras iniúchóireachta inmheánach ó thaobh na héifeachtúlachta de i bhfianaise chóras bainistíochta na cuideachta go ginearálta maidir le riosca.

COMHLÍONADH

- Athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais monatóireachta atá ann do chomhlíonadh dlíthe ábhartha, rialacháin agus treoirlínte

ÁIRítear le Ról agus Réimse Freagrachta an Choiste Luach Saothair:

- An creat maidir leis an luach saothair d'Ardstiúrthóir na corparáide a shocrú agus a aontú leis an mBord

4

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht agus cuibheasacht reatha an pholasaí maidir le luach saothair le himeacht aimsire.
- Scéimeanna pá a bhaineann le leibhéal feidhmiúcháin a chuireann an chorporáid i bhfeidhm a aontú agus iomlán na n-íocaíochtaí in aon bhliain ar bith faoi scéimeanna den sórt sin a aontú.
- Freagracht as aon chomhairleoirí a roghnú a chuireann comhairle ar an gcorporáid maidir le gnóthaí luach saothair.

LUACH SAOTHAIR NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá cloíte ag TG4 leis na treoirlínte maidir le táillí a íoc le Cathaoirleach nó Stiúrthóir ar Chomhlacht Stáit mar a d'eisigh an tAire Airgeadais i mí Iúil 1992.

Bhí ocht gcinn de chruinnithe ag bord TG4 i rith na bliana 2010. Seo mar a leanas sonraí faoi na táillí agus na costais a íocadh agus líon na gcruinnithe a rabhtas i láthair acu

Bord TG4	Táillí €000's	Costais €000's	Líon na gCruinnithe a freastalaíodh
Peadar Ó Cuinn	21.7	4	8
Pádraic Mac Donncha	12.6	2	4
Regina Uí Chollatáin	12.6	2	7
Bríd Ní Neachtain	12.6	2	6
Seosamh Ó Conghaile	12.6	—	8
Fergal Ó Sé	12.6	2	6
Méabh Mhic Gairbheith	12.6	3	7
Eilís Ní Chonnaola	12.6	—	5
Méadhbh Ní an Airchinnigh	12.6	1	5
Rónán Ó Coisdealbha	12.1	—	7
Concubhar Ó Liatháin*	3.3	—	1
Pól Ó Gallchóir	12.6	—	8
Táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird	150.5	16	

Ar an 31 Nollaig 2010 bhí 11 comhalta neamhfheidhmiúcháin ar an mBord agus aon chomhalta feidhmiúcháin amháin, an tArdstiúrthóir.

Chomh maith lena cuid táillí, fuair Regina Uí Chollatáin suimeanna nach bhfuil suntas leo maidir le páirt a ghlacadh i gcláir.

*I mí Meán Fómhair 2010 a ceapadh Concubhar Ó Liatháin ar an mBord.

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS 2010

ATHBHREITHNIÚ AR IONCAM AGUS CAITEACHAS

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar an bhfeidhmiúchán ag TG4 maidir le hioncam agus caiteachas i rith na bliana 2010 i dtéarmaí na bpríomhfhoinsí ioncaim agus na príomhbhealaí úsáide as, na nithe sin is príomhshiocair le costas ar an gcainéal agus an bhéim ghinearálta atá ar chúrsaí éifeachtachta agus ar luach an airgid. Déantar comparáid sa tuarascáil seo freisin idir beartaíocht feidhmiúcháin TG4 i rith na bliana 2010 i gcomórtas leis an mbliain 2009 faoi 5 cheannteideal mar seo a leanas:

1. Ioncam
2. Caiteachas Oibriúcháin
3. Smacht ar Chostas agus Cúrsaí Éifeachtachta i rith na bliana 2010
4. Caiteachas ar Ábhar Clár i nGaeilge 2010

1. IONCAM

Mar is léir ó **Tábla 1** thíos, b'ionann an t-ioncam iomlán (maoiniú reatha ón státchiste agus ioncam tráchtála) i rith na bliana 2010 agus €35.7m (2009: €38.9m). Tháinig íslíú 8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe ar ioncam iomlán TG4 i rith na bliana 2010. Leis an maoiniú reatha ón Státchiste a bhain €32.25m (2009: €35.23m) de sin, suim ab ionann agus sciar 90.3% d'ioncam iomlán TG4. 9.7% den ioncam iomlán i rith na bliana 2010 a bhí i gceist le sciar an ioncaim thráchtála dar luach €3.48m (2009: €3.62m).

Tháinig laghdú 8.5% i gcomparáid le leibhéal na bliana 2009 ar an maoiniú reatha ón Státchiste ar ionann é agus 90% den maoiniú reatha iomlán. Tagann sin anuas ar laghdú €2.8m (7%) i rith na bliana 2009. Tháinig titim dá bhrí sin ar an maoiniú reatha ón Státchiste do TG4 ó €38.01m ag tús na bliana 2009 go dtí €32.25m sa bhliain 2010 - laghdú 15% agus an leibhéal is ísle ón mbliain 2007 i leith.

Tháinig íslíú 12.5% ar an ioncam tráchtála (fógraíocht agus urraíocht). Tá dhá chúis leis an bpátrún íslithe seo san ioncam tráchtála leanacht ar aghaidh: cúngú ar an margadh fógraíochta teilifíse, gné atá ceangailte go díreach le cúrsaí na heacnamaíochta go díreach, agus an gearú ar chúrsaí iomaíochta i dtionscail chraoltóireacht teilifíse na hÉireann nuair is mó an líon cainéal atá ag coimhlint le chéile ag iarraidh sciar den lucht féachana agus den ioncam ó fhógraíocht.

Tábla 1: Ioncam TG4 2010

Cur síos	2010		2009	
	€000's	%	€000's	%
Deontas i gCabhair Ioncam tráchtála	32,250	90.3%	35,233	90.7%
(fógraíocht agus urraíocht)	2,009	5.6%	2,297	5.9%
Ioncam tráchtála eile	1,474	4.1%	1,320	3.4%
Ioncam Iomlán	35,733	100%	38,850	100%

2. CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN

Leagadh síos buiséad TG4 i leith na bliana 2010 ar dtús nuair a cuireadh an Deontas i gCabhair don tseirbhís ón Rialtas in iúl i mBuiséad an Rialtais don bhliain 2010 a foilsíodh i ndeireadh na bliana 2009. Tugadh san áireamh leis an mbuiséad sin freisin an t-ioncam is dócha a bheadh ag an gcainéal i rith na bliana 2010 ó fhoinsí eile maoiniú, eadhon, teacht isteach tráchtála ó am ar an aer a dhíol agus urraíocht do chlár agus ioncam coimhdeach.

Maidir le caiteachas oibriúcháin bliantúil, lean TG4 den bhéim armhodo oibriúcháin a oibríonn chomh héifeachtach agus is féidir agus ar bhainistiú ar chostais chun cinntiú go mbaintear luach an airgid amach ar fud gach réimse beartaíochta. B'ionann an caiteachas oibriúcháin iomlán i rith na bliana 2010 agus €35.75m, íslíú 8% i gcomórtas leis an gcaiteachas €39.01m a caitheadh i rith na bliana 2009. Féach **Tábla 2** thíos.

Tábla 2: Caiteachas Oibriúcháin TG4 2010 Vs 2009

	€'000's		% Athrú 2010 Vs 2009
	2010	2009	
Costas Díolacháin	588	752	(21.8%)
Costais Foirne	4,916	5,738	(14.3%)
Caiteachas ar Chláir	22,730	25,435	(10.6%)
Costais Tarchuradóireachta	3,697	3,802	(2.8%)
Margaíocht agus Taighde	1,679	1,513	11.0%
Barrchostais	1,821	1,338	36.1%
Eile (Dímheas, an Bord etc.)	1,027	1,347	(23.8%)
Amúchadh ar Dheontais	(704)	(912)	(22.8%)
Iomlán an Chaiteachas Oibriúcháin	35,754	39,013	(8%)

4

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS 2010

3. SMACHT AR CHOSTAIS AGUS CÚRSAÍ ÉIFEACTACHTA

Leanadh de TG4 a oibriú go héifeachtach stuama i rith na bliana 2010 agus go héifeachtúil ó thaobh costais. Baineadh sábháil amach ar fud réimse leathan lárionad costais agus baineadh leas níos mó as acmhainní inmheánacha chun lón ábhair a chur ar fáil ar rátaí níos éifeachtaí ó thaobh costais. Chuir lucht coimisiúnaithe na gclár, lena mbaineann mórchuid mhór na gcostas maidir le hábhar, an t-ábhar ar fáil ar rátaí íslithe mar a socraíodh trí chaibidlíocht i rith na bliana 2009 agus lean an Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách ag comhoibriú le TG4 san dícheall lón ábhair ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar rátaí inchomórtais.

Laghdaíodh an costas maidir leis an bhfoireann arís trí íslíú rátaí agus trí laghdú ar líon an lucht foirne - tháinig íslíú maidir leis an meánlíon comhionann baill foirne lánaimseartha ó 83 go dtí 81 i rith na bliana. Coinníodh na barrchostais, ach amháin Tobhach ÚCÉ, faoi na leibhéil a bhain leis an mbliain 2009.

Tríd is tríd, cé gur tharla laghdú suntasach beagnach 9% ar an maoiniú, d'éirigh le TG4 1593 uair an chloig de bhunábhar trí Ghaeilge a chur ar fáil i rith na bliana 2010, méadú ar an sprioc 1495 uair a chloig. B'ionann sin agus íslíú 4.7% i gcomparáid leis an mbliain 2009

4. CAITEACHAS AR ÁBHAR CLÁR I nGAEILGE 2010

Mar a léirítear i ndáil leis na geallúintí don bhliain, chaith TG4 céatadán nach lú ná 70% den chiste reatha ón Státhchiste ar ábhar i nGaeilge a léiriú i rith na bliana 2010 mar atá le sonrú ó **Tábla 3** thíos, chomh maith le 16% (2009: 16%) breise den chiste reatha ar chostais craolacháin go díreach. Bhí íslíú beag ar leibhéal táirgíochta TG4 maidir le lón ábhair nua i nGaeilge in aghaidh an lae ó 4.58 uair an chloig go dtí 4.36 uair an chloig in aghaidh an lae.

Tábla 3: Caiteachas ar Ábhar Clár i nGaeilge				
Cur síos	2010		2009	
	€000's	%	€000's	%
Maoiniú reatha ón Státhchiste	32,250	100%	35,233	100%
Cláir Ghaeilge:				
Ar Coimisiún	17,034	52.8%	18,132	51.4%
Ceannach/dubáilte/fotheidilíthe	3,768	11.7%	4,912	13.9%
Costas fhoireann léiriúcháin (tuarastail san áireamh)	1,820	5.6%	1,964	5.6%
Costas fhoireann léiriúcháin (tuarastail san áireamh)	22,622	70%	25,008	71%

TEILIFÍS NA GAEILGE**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010**

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	32
RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH	33
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	34
RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	35
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	37
RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS AR CHAILLTEANAIS IOMLÁN	38
CLÁR COMHARDAITHE	39
RÁITEAS FAOIN SREABHADH AIRGID	40
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	41 - 50

4

RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

BLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Leagann an tAcht Craolacháin 2009 dualgas ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú gach bliain airgeadais a thugann léargas cruinn cóir ar staid reatha Theilifís na Gaeilge agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain sin.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear mar a leanas ar an mBord:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach cuí glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus a gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Ahta agus na Cleachtais Chuntasaíochta Choitianta (GAAP) in Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach

RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Theilifís na Gaeilge (TG4), admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a choimirciú, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach ann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Nósanna imeachta ag leibhéal na bainistíochta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a choimirciú;
- An struchtúr eagrúcháin agus freagrachtaí agus cumhachtaí an lucht bainistíochta, mar aon leis an gcuntasacht a ghabhann leis na nithe sin, a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta a bhunú chun taifeadadh a dhéanamh ar mhainneachtainí suntasacha agus a chinntiú go ndéantar gníomhartha cuí ceartúcháin.

Tá próiseas curtha ar bun maidir le priacail ghnó a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú ar próiseas é ina n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na bpríacal atá ann do TG4 a shainaithint, lena n-áirítear rangú a dhéanamh i leith na bpríacal suntasach go léir;
- Measúnú a dhéanamh i dtaobh an dócha go dtarlóidh na priacail sainaitheanta agus ar chumas TG4 na priacail a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bpróiseas bainistithe príacal.

Tá an córas rialaithe inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmiligin agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord Stiúrthóirí athbhreithniú air agus é a cheadú
- Athbhreithnithe rialta ón mBord Stiúrthóirí ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíochtaí eile a mheas
- Nósanna imeachta do rialú infheistíochta caipitiúla
- Disciplíní bainistíochta tionscadal.

Úsáideann TG4 foinsí allamuigh dá feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúcháireachta.

Bíonn tionchar ag torthaí an phróisis bhainistíochta riosca ar an bplean iniúchta inmheánaigh bliantúil agus tá sé leagtha amach lena dheimhniú go bhfeidhmíonn na srianta inmheánacha a mbitear ag brath orthu, i gcónaí.

Tá an anailís riosca agus an plan iniúchta inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Iniúcháireachta a bhuaileann le chéile ar bhonn rialta, ach ní níos lú ná trí huaire in aghaidh na bliana, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha a bhíonn ullmhaithe ag feidhm an Iniúchta Inmheánaigh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta go rialta don Bhord maidir leis na cúrsaí a mbíonn breithniú déanta aige orthu.

Cuidíonn obair an Iniúcháir Inmheánaigh, Coiste Iniúcháireachta an Bhoird féin agus na bainisteoirí sinsearach laistigh de TG4 a bhfuil cuntasacht orthu faoi fhorbairt agus chothabháil an chreata rialaithe airgeadais le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn tionchar aici orthu.

Deimhním gur ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh, sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2010.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach

4

RÁITIS AIRGEADAIS

ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE**TUARASCÁIL CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS****Teilifís na Gaeilge**

Tá ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 iniúchta agam faoin Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas faoi Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Gnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creatlach thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun iad a ullmhú ná dlí oiriúnach agus Cleachtais Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá Teilifís na Gaeilge freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann si ad léargas fíor agus cothrom maidir leis an riocht ina bhfuil cúrsaí Theilifís na Gaeilge agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht a n-idirbhearta a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é mo fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu i gcomhréir le dlí oiriúnach.

Déantar m'iniúchadh faoi réir na dtosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir le Caighdeán Chuntasaíochta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus

Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Scóip an Iniúchta ar Ráitis Airgeadais

Cumhdaíonn iniúchadh faisnéis a fháil maidir leis na méideanna agus na nochtaithe sna ráitis airgeadais, ar leor iad chun urrús réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor Ó mhí-ráiteas ábhartha cibé calaois nó earráid is cúis leis sin. Clúdaíonn sé seo measúnú faoi

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do thosca Theilifís na Gaeilge agus gur cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus gur nochtáíodh iad go leormhaith
- cé chomh réasúnta is a bhí na meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- thíolachadh foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin chun fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbhearta airgeadais.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagann aon mhí-ráitis nó neamhréireachtaí fhollasacha ábhartha chun m'aird breithnín na himpleachtaí do mo thuairisciú.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim, go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí i gcomhréir le Cleachtais Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cothrom maidir leis an riocht ghnóthaí Theilifís na Gaeilge

ag 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim, go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag Teilifís na Gaeilge. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a Tuairiscím le hEisceacht

Tuairiscím le heisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- má bhí aon chás ábhartha ann nár úsáideadh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ar intinn nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- nuair nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil Teilifís na Gaeilge don bhliain gur ina leith a ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na ráiteas airgeadais, nó
- nuair nach léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach géilliúlacht an Teilifís na Gaeilge don Chód Cleachtais um Rialú Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin faoina ndéantar tuairisc le heisceacht.

John Buckley

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Aibreán 2011

RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

1. Bunú Theilifís na Gaeilge

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh go reachtúil agus atá anois ann faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009.

2. An Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais mar a eisítear iad ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta de réir mar a thagann siad chun feidhme.

Tá na ráitis airgeadais á n-ainmniú in Euro.

3. Aithint Ioncaim

IONCAM TRÁCHTÁLA

Seasann ioncam tráchtála don teacht isteach ó dhíolacháin ama craolta, urraíocht agus gníomhaíochtaí coimhdeacha. Aithnítear díolacháin, a léirítear glan ar CBL, sa chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Muirearáitear coimisiún maidir le díolacháin don chuntas ioncaim agus caiteachais mar a thabhaítear.

4. Caiteachas

Cuimsíonn caiteachas oibríochta agus caipitil.

Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas na gclár agus riaracháin, glan ar theacht isteach tráchtála.

Déantar caiteachas clár a mhuirearú don chuntas ioncaim agus caiteachais mar a thabhaítear é.

5. Deontais ón Stát

Déantar glanchaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge a mhaoiniú trí dheontas a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha. Aithnítear an deontas sa chuntas ioncaim agus caiteachas sa bhliain a bhfuarthas é.

Déantar caiteachas caipitil a mhaoiniú ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha trí dheontais chaipitil. Déantar na deontais seo a amúchadh ar an mbonn céanna go ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Léirítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag an gcostas lúide muirear dímheasa agus aon soláthar do lagú.

Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, cé is moite de thalamh, ag rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhunús de réir méid cothrom thar a saolré fóna, lúide luach iarmharach measta, mar seo a leanas;

	%
Foirgnimh	2.5
Trealamh	7.5 - 20
Feistis	10

Déantar na costais fhorbartha ar bhogearraí do mhórchórais a chaipitliú agus a dhímheas de réir an chostais trealamh a bhaineann leis ón dáta feidhmíthe.

7. Airgead Coigríche

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgid choigríche a aistriú isteach go euro ag na rátaí malairte a fheidhmítear ar lá na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgid choigríche ag na rátaí malairte atá in uachtar ar dháta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóthachan nó caillteanas a eascraíonn dá bharr i gcuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain.

8. Pinsin

Déanann Teilifís na Gaeilge ranníocaíochtaí maidir le scéim pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht sainithe.

SCÉIM LE RANNÍOCAÍOCHT SAINITHE.

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim le ranníocaíochtaí sainithe d'fhostaithe áirithe. Gearrtar íocaíochtaí chun na scéime seo ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais na bliana lena mbaineann siad.

SCÉIM LE SOCHAR SAINITHE

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim le ranníocaíochtaí sainithe do bheirt dá chuid oifigeach – an tArdstiúrthóir agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach. Maoinítear an

4

RÁITIS AIRGEADAIS

scéim seo ó íocaíochtaí ó Theilifís na Gaeilge agus ón mbeirt oifigeach lena mbaineann agus aistrítear seo chuig maoiniú ar leith atá á riaradh ag iontaobhaithe.

Is é atá sa bhfigiúir do mhuirear pinsin sa gCuntas loncaim agus Caiteachais ná an costas reatha seirbhíse móide an difríocht idir an aisíoc ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar fhiachas na scéime.

Aithnítear gnóthachan agus caillteanas achtúire a eascraíonn ó athruithe i mboinn tuisceana achtúire agus ó bharrachas agus easnaimh thaithí i ráiteas gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána na bliana ina dtarlaíonn said.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a thomhas ar a luach cóir. Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhais ar bhonn achtúire ag úsáid an mhodha aonaid theilgthe. Léirítear mar dliteanas nó mar sócmhainn ar an gClár Comhardaithe farasbarr dliteanais scéime thar sócmhainní, de réir mar is cuí.

9. Cánachas

Tá cáin chorparáide iníoctha á solathar ar bhrabúis inchánacha ag rátaí reatha.

Aithnítear cáin iarchurtha i leith gach difríocht uainiúcháin a tionscnaíodh ach nár freaschuireadh ag data an chláir chomhardaithe i gcás gur tharla idirbhearta nó imeachtaí, ag data an chláir chomhardaithe, a raibh de thoradh orthu go raibh oibleagáid ann breis cánach a íoc amach anseo, nó ceart chun níos lú cánach a íoc amach anseo.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais a

eascraíonn toisc go ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a meastar a bheidh i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí uainiúcháin, bunaithe ar rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dháta an chláir chomhardaithe. Ní lascainitera cáin iarchurtha.

10. Tiomantais Léasa

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe a fuarthas faoi léasanna airgeadais san áireamh sa Chlár Comhardaithe ag a luach caipitil chóibhéiseach agus déantar iad a dhímheas thar thréimhse an léasa agus a gcuid saol úsáideach. Taifeadtar na dliteanais chomhfhreagracha thar an thréimhse is giorra den téarma léasa agus thar a dtréimhse mar chreidiúnaí fóna. Déantar an eilimint úis de na cíosanna léasa airgeadais a mhuirearú chuig an gCuntas loncaim agus Caiteachais go bliantúil. Déantar cíosanna léasa oibriúcháin a mhuirearú chuig an gCuntas loncaim agus Caiteachais ar bhonn na líne díri thar thréimse an léasa.

RÁITIS AIRGEADAIS

Teilifís na Gaeilge

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
Díolacháin			
Ioncam Tráchtála	2	3,483	3,617
Costas Díolacháin	2	(588)	(752)
Glan Díolacháin		2,895	2,865
Caiteachas			
Costas Foirne	3	4,916	5,738
Speansais & costais chomhaltaí an Bhoird	4	167	147
Caiteachas Clár	5	22,730	25,435
Costais tarchuir		3,697	3,802
Margaíocht & Taighde	6	1,679	1,513
Forchostais	7	1,821	1,338
Dímheas	9	860	1,200
Caiteachas iomlán		35,870	39,173
Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain		(32,975)	(36,308)
Ús faighte agus ioncam chomhchosúil	8	58	81
Easnamh ar dhiúscairt sócmhainní seasta		(6)	-
		(32,923)	(36,227)
Maoiniú Stáit	11	32,954	36,145
Barrachas/(Easnamh)ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		31	(82)
Cánachas	12	(62)	(38)
Easnamh coinnithe don bhliain		(31)	(120)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1-28

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn

Cathaoirleach

Pól Ó Gallchoir

Ardstiúrthóir



RÁITIS AIRGEADAIS

Teilifis na Gaeilge

Ráiteas ar Ghnóthachain & ar Chaillteanas Iomlána don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
Easnamh coinnithe don bhliain airgeadais		(31)	(120)
Gnóthachain/(caillteanas) achtúireacht ar shócmhainní na scéime pinsin	20	(43)	21
Caillteanas aitheanta iomlán don bhliain		(74)	(99)
Gluaiseacht i gCúlchiste Pinsin			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	17	17	(4)
Gnóthachain/(caillteanas) achtúireach don bhliain		(43)	21
Coigeartú cúlchiste pinsin		97	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010		71	17

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1-28

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn

Cathaoirleach

Pól Ó Gallchoir

Ardstiúrthóir

RÁITIS AIRGEADAIS

Teilifís na Gaeilge

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	€'000	2010 €'000	2009 €'000
Sócmhainní Seasta				
Sócmhainní Inláimhsithe	9		9,386	8,463
			<u>9,386</u>	<u>8,463</u>
Sócmhainní Reatha				
Féichiúnaithe	13	1,522		1,369
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	14	42		69
		<u>1,564</u>		<u>1,438</u>
Dlíteanais Reatha				
Creidiúnaithe-Méideanna dlite lastigh de bhliain amháin	15	(1,718)		(1,698)
Glan-dlíteanais reatha			(154)	(260)
Creidiúnaithe-méideanna dlite tar éis aon bhliain amháin	16		-	(1)
Glan-sócmhainní gan sócmhainn pinsin			9,232	8,202
Sócmhainn pinsin	20		<u>71</u>	<u>79</u>
Glan sócmhainní lena n-áirítear sócmhainn pinsin			<u>9,303</u>	<u>8,281</u>
Caipiteal agus Cúlchistí				
Deontais Chaipitil	10		9,298	8,202
Cúlchiste Pinsin	17		71	17
Cúlchistí Ioncaim	17		<u>(66)</u>	<u>62</u>
			<u>9,303</u>	<u>8,281</u>

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1-28

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchoir
Ardstiúrthóir



RÁITIS AIRGEADAIS

Teilifis na Gaeilge

Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €'000	2009 €'000
Gníomhaíochtaí oibríochta-glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid-glan ó dheontas stáit	18	(22)	(248)
Aiscur ar infheistíocht agus ar sheirbhísíú airgeadais			
Ús faighte		46	65
Glan-insreabhadh airgid ó aiscur ar infheistíochtaí & ar sheirbhísíú airgeadais		46	65
Cánachas			
Muirear cánach don bhliain	12	(62)	(38)
Glan eis-sreabhadh airgid ó cánachas		(62)	(38)
Caiteachas caipitil			
locaíocht chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	9	(1,811)	(1,282)
Fáltais ó dhíolachán sócmhainní dochta		22	-
Deontais chaipitil stáit	10	1,800	1,200
Glan eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil		11	(82)
Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid	19	(27)	(303)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1-28

Thar ceann Bhord Teilifis na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí			
1. Príomhghníomhaíocht			
Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.			
2. Glandíolacháin			
	2010	2009	
	€'000	€'000	
Ioncam Tráchtála			
Díolachán am craolta	2,009	2,297	
Muirear amach saoráidí	551	616	
Ioncam Ilghnéitheach	923	704	
	3,483	3,617	
Costas Díolacháin			
Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta	303	448	
Costais dhíreacha	285	304	
	588	752	
Glandíolacháin	2,895	2,865	
Tugtar na figiúirí sa nóta chun na costais agus táillí iomlána áiseanna a thaispeáint			
3. Costais Foirne			
Ba 81 duine an meán uimhir fostaithe lánaimseartha a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2009:83). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta:			
	2010	2009	
	€'000	€'000	
Pá agus tuarastail	4,389	4,661	
Costais leasa shóisialaigh	450	481	
Costais phinsin	483	508	
Taisteal agus cothabháil	93	104	
Oiliúint	26	32	
Costais foirne eile	28	29	
	5,469	5,815	
Costais foirne caipitlithe	(553)	(77)	
Iomlán na gcostas foirne	4,916	5,738	
Luach Saothair an Ardstiúrthóra			
Bunthuarastal	162	180	
Ranníoca pinsin an Fhostóra	59	66	
Sochair eile	3	3	
	224	249	
Suimeanna eile a fuarthas			
Taillí an Bhoird	13	6	

4

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí		2010	2009
		€'000	€'000
4. Costais an Bhoird			
Táillí (nóta 21)		151	133
Taisteal agus Cothbháil		16	14
		167	147
5. Costais chlár			
		2010	2009
		€'000	€'000
Cláir a coimisiúnaíodh		17,034	18,132
Cláir a ceannaíodh		3,297	4,217
Costais dubála agus costais eile		2,399	3,086
		22,730	25,435
6. Margaíocht agus Taighde			
		2010	2009
		€'000	€'000
Fógraíocht agus Margaíocht		1,561	1,410
Tomhais agus taighde ar an lucht féachana		108	103
Speansais Comhairle an Lucht Féachana		10	-
		1,679	1,513
7. Forchostais			
		2010	2009
		€'000	€'000
Speansais oifige		343	222
Speansais áitrimh agus trealaimh		447	468
Speansais ghinearálta		234	400
Speansais ghairmiúla agus airgeadais		192	128
Táillí tionscal íocaithe		605	120
		1,821	1,338
8. Ús faighte			
		2010	2009
		€'000	€'000
Ús ar na cuntais bainc (comhlán)		58	81

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí		Talamh agus Foirgnimh €'000	Treallamh €'000	Sócmhainní atá á dtógáil* €'000	Fearais agus Feistis €'000	Iomlán €'000
9. Sócmhainní Seasta inláimhsithe						
Costas						
Admhail an 1 Eanáir 2010		7,535	13,018	1,087	611	22,251
Diúscairt		-	(65)	-	-	(65)
Breisithe		3	384	1,421	3	1,811
Amhail an 31 Nollaig 2010		7,538	13,337	2,508	614	23,997
Dímheas Carntha						
Amhail an 1 Eanáir 2010		2,052	11,228	-	508	13,788
Diúscairt		-	(37)	-	-	(37)
Muirear don bhliain		195	641	-	24	860
Amhail an 31 Nollaig 2010		2,247	11,832	-	532	14,611
Glanluach Leabhair 2010						
Amhail an 31 Nollaig 2010		5,291	1,505	2,508	82	9,386
Amhail an 31 Nollaig 2009		5,483	1,790	1,087	103	8,463

*Caiteachas ar fhorbairt (den chuid is mó saincheapadh agus crua-earraí agus roinne costais foirne) a bhaineann leis an gCóras Bainistithe Sócmhainní Digiteacha. San áireamh i mbreiseanna na bliana tá meastúcháin ar chostais foirne a bhaineann go sonrach le obair atá críochnaithe ar an togra DAMS. Sé bunús an mheastúcháin ná tuarastal bhliantiúil na bhfostaithe agus uaireanta a chloig oibríthe ar an dtogra.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe coinnithe faoi léas airgeadais

Airítear sna Sócmhainní Seasta inláimhsithe sócmhainní coinnithe faoi Léas Airgeadais mar seo leanas:

	2010		2009	
	Glanluach Leabhar €'000	Muirear Dímheasa €'000	Glanluach Leabhar €'000	Muirear Dímheasa €'000
Treallamh	14	4	18	4

10. Deontais Chaipitil	2010 €'000	2009 €'000
Deontais Chaipitil faighte agus infhaighte		
larmhéid tosaigh	11,048	9,848
Deontais faighte le linn na bliana (Nóta 11)	1,800	900
Deontais a deonadh an bhliain roimhe agus a feidhmíodh sa bhliain seo	-	300
larmhéid deiridh	12,848	11,048
Amúchadh		
larmhéid tosaigh	2,846	1,934
Amúchta le linn na bliana	704	912
larmhéid deiridh	3,550	2,846
Glanluach leabhair-deonais chaipitil	9,298	8,202

Is ionann deontais chaipitil agus maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtar deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

4

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí		
11. Maoiniú Stáit		
Is ionann deontais ón Roinn Cumarsáide, Fuinnih agus Acmhainní Nádúrtha agus maoiniú rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge		
Maoiniú Stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim & Caiteachais sa bhliain	2010	2009
	€'000	€'000
Deontais faighte sa bhliain	32,250	35,233
Deontais caipitil amúchta (Nóta 10)	704	912
	32,954	36,145
Ba €34.05m an leithroinnt ar fad do 2010, comhdhéanta as:		
Deontais faighte do chaiteachas reatha	32,250	35,233
Deontais a fheidhmítear do chríocha caipitil	1,800	900
Iomlán faighte	34,050	36,133
12. Cáin ar Bhrabús ó Ghnáthghníomhaíochtaí	2010	2009
	€'000	€'000
(a) Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain		
Muirear cháin chorpáraide don bhliain	33	38
Muirear ar bhlianta siar	29	-
	62	38
(b) Fachtóirí le tionchar ar mhuirear cánach na bliana		
Tá an ráta éifeachtach cánach don bhliain níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorpáraideach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos:		
	2010	2009
	€'000	€'000
Brabús/(Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	31	(82)
Brabús (Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta caighdeánach cháin chorpáraide na hÉireann de 12.5% (2009:12.5%).	4	(10)
Eifeachtaí:		
Ioncaim incháinite ag ráta cánach níos airde	15	10
Barrachas na ndeontas caipitil a amúchtar agus liúntas chaipitiúla thar dímhéas	16	33
Caiteachas neamhasbhainte	(2)	5
	33	38

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí			
13. Féichiúnaithe		2010	2009
		€'000	€'000
Féichiúnaithe trádála		1,027	817
CBL inaisíochta		300	317
Cáin Corparáideach inaisíochta		12	-
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe		183	235
		1,522	1,369
Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghábhála laistigh de bhliain amháin			
14. Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		2010	2009
		€'000	€'000
Airgead tirim ar láimh		1	1
Cuntais bhainc		41	68
		42	69
15. Creidiúnaithe-dlite laistigh de bhliain amháin		2010	2009
		€'000	€'000
Creidiúnaithe trádála		713	343
Fabhrúithe agus ioncam iarchurtha		938	1,273
Creidiúnaí ranníoca pinsin		66	66
Cáin chorparáide pinsin		-	10
Fruilcheannach agus comhaontuithe léasa		1	6
		1,718	1,698
16. Creidiúnaithe-dlite tar éis aon bhliain amháin		2010	2009
		€'000	€'000
Fruilcheannach agus comhaontuithe léasa		-	1
		-	1
17. Cúlchistí ioncaim	Cúlchiste Pinsin	Cúlchiste Ioncam	Iomlán
	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2010	17	62	79
Easnamh coinnithe don bhliain	-	(31)	(31)
Caillteanas achtúireachta	(43)	-	(43)
Coigeartú cúlchiste pinsin	97	(97)	-
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2010	71	(66)	5
Tá coigeartú déanta chun an cúlchiste pinsin a chur i réir leis an dliteanas pinsin. Is é atá i gceist leis an gcoigeartú ná an costas carnach pinsin agus maoiniú ar phá na bpinsineár ó glacadh le FRS 17. De bhrí nach bhfuil aon tionchar ar thorthaí na bliana roimhe sin, ní gá aon ath-ráiteas ar na figiúirí.			

4

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí			
18.	Réiteach Barrachais don bhliain chuig glaninscreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
		2010	2009
		€'000	€'000
	Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cánach	31	(82)
	Gníomhaíochtaí neamhoibriúcháin		
	Ús faighte (glan)	(46)	(65)
	Barrachas ó dhíolachán sócmhainní dochta	6	-
	Míreanna nach airgead iad		
	Dí-mheas	860	1,200
	Deontais chaipitil a amúchadh	(704)	(912)
19.	Coigeartú sócmhainne pinsin	(35)	(33)
	(Ardú)/laghdú i bhféichiúnaithe	(153)	726
	(Laghdú)/ardú i gcreidiúnaithe	19	(1,082)
	Glan (eis-screabhadh)/inscreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(22)	(248)
		Iarmhéid Tosaigh	Sreabhadh Airgid
		€'000	€'000
	Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	51	(50)
	Taiscí ghearrthéarmacha	18	23
		69	(27)
			42
20. Pinsean			
a) Tuairisc ar an scéim			
Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim shochair shainithe agus ranníocaíocht shainithe dá cuid fostaithe. Maoinítear na scéimeanna agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó sócmhainní Theilifís na Gaeilge			
		2010	2009
		€'000	€'000
Tabhaíodh na costais phinsean seo a leanas le linn na bliana:			
Scéim ranníoca shainithe		388	432
Costas na scéime shochair shainithe (Nóta 20 (g))		95	76
		483	508
Déantar ranníocaíochta chuig an scéim shochair shainithe ag rátaí a mholann achtúirí cáilithe neamhspleácha.			
An luacháil achtúireach iomlán is déanaí a hullmhaíodh amhail an 31 Nollaig 2010. Rinneadh na ríomha dliteanas agus costais trí úsáid a bhaint as sonraí ballraíochta a chuir riarthóirí na scéime ar fáil ag an dáta éifeachtach. Tá measúnú déanta ar na dliteanais agus na costais trí úsáid aonaid theilgthe.			

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí			
20. Pinsean (ar lean)			
b) Bonn Tuisceanna Airgeadais			
Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achúireacha amhail an 31 Nollaig 2010 a úsáidtear chun críocha FRS 17:			
		2010	2009
		%	%
Ráta lascaíne		5.20%	5.60%
Méadú ar innéascú praghsanna tomhaltais		2.50%	2.50%
Méadú ar thuillimh inphinsin		4.00%	4.50%
Méadú ar íocaíocht phinsin		4.00%	4.50%
Bannaí		4.30%	4.30%
Eile		0.75%	0.75%
c) Bonn Tuisceana Déimeagrafacha			
<u>Básmhaireacht</u>			
Ardaíodh 55% de tháblaí d'fhir agus 66% de tháblaí PNFL00 do mhná, 0.39% in aghaidh na bliana iolraithe idir 2008 agus an bhliain a dtiteann an gnáthphinsin.			
d) Athrú ar dhualgas sochair		2010	2009
		€'000	€'000
Luach reatha dualgas na scéime ag tús na bliana		180	102
Costas seirbhíse reatha		87	95
Costas úis		13	8
Gnóthachán achtúireacht		15	(25)
Luach reatha dualgas na scéime ag deireadh na bliana		295	180
e) Athrú ar shócmhainní scéime		2010	2009
		€'000	€'000
Luach cóir ar shócmhainní scéime ag tús na bliana		259	127
Aiscur ionchais ar shócmhainní scéime		14	8
Caillteanas achtúireach		(28)	(4)
Ranníocaíochtaí fostóra		101	109
Ranníocaíochtaí comhaltaí		19	19
Luach cóir ar shócmhainní scéime ag deireadh na bliana		365	259

4

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí		
20. Pinsean (ar lean)		
f) Méideanna aitheanta sa chlár comhardaithe	2010 €'000	2009 €'000
Luach reatha dualgais maoinithe	(294)	(180)
Luach cóir ar shócmhainní scéime	365	259
Glan-sócmhainn	71	79
g) Costais phinsin	2010 €'000	2009 €'000
Costas seirbhíse reatha	87	95
Costas úis	13	8
Aiscur ionchais ar shócmhainní scéime	14	(8)
Ranníocaíochtaí comhaltaí	(19)	(19)
Iomlán	95	76
h) Ba é an ghlan-chailiteanas achtúirigh a aithníodh sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailliteanais Aitheanta iomlán don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 agus €43,000		
i) Sócmhainní scéime	Aiscur Ionchais	Aiscur Ionchais
Ba iad seo a leanas na liathroinntí sócmhainní ag deireadh na bliana		
Bannaí	4.3%	4.3%
Eile	0.75%	0.75%
Díoradh aiscur ionchais foriomlán ar shócmhainní na scéime mar mheánchostas ulaithe na n-aiscur ionchais ar na catagóirí sócmhainní arna sealbhú ag an scéim ar dháta oscailte an chláir chomhairdaithe		
j) Stair dhualgais shochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus cailliteanais	2010 €'000	2009 €'000
<u>Difríocht idir aiscur ionchais fíor ar sócmhainne na scéime</u>		
Méid	29	4
Céatadán do shócmhainní na scéime	7.9%	1.5%
<u>Gnóthachain/cailliteanas aitheanta ar dliteanais na scéime</u>		
Méid	6	25
Céatadán ar dhliteanais na scéime	2.0%	13.9%
k) Ranníocaíochtaí		
Tá súil ag an mBord €101,000 a ranníoc lena scéim i 2011		

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí

21. Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana

Stiúrthóir/Rúnaí	Dáta a Ceapadh Le Linn na Bliana (más ann)	Táillí	
		2010 €'000	2009 €'000
Peadar Ó Cuinn (Cathaoirleach)	n/a	21.7	22.8
Pól Ó Gallchóir (Ardstiúrthóir)	n/a	12.6	5.8
Pádraic Mac Donncha	n/a	12.6	13.0
Regina Uí Chollatáin	n/a	12.6	13.0
Brid Ní Neachtain	n/a	12.6	13.0
Seosamh Ó Conghaile	n/a	12.6	13.0
Fergal Ó Sé	n/a	12.6	13.0
Méabh Mhic Gairbheith	n/a	12.6	13.0
Eilís Ní Chonnaola	n/a	12.6	13.0
Méadhbh Nic an Airchinnigh	n/a	12.6	13.0
Rónán Ó Coisdealbha	19 Eanáir 2010	12.1	-
Concubhar Ó Liatháin	29 Meán Fómhair 2010	3.3	-
Mary Uí Chadhain (Rúnaí)	n/a	-	-
		150.5	132.6

Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

22. Aitreamh

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge as aitreamh atá lonaithe i mBaile na hAbhann, Co na Gaillimhe. Tá uinéarachta ag Teilifís na Gaeilge ar rúileas an aitreamh i mBaile na hAbhann.

23. Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin

Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas:

	2010 €'000	2009 €'000
Conraithe ach ní raibh soláthar déanta i leith amhail deireadh na bliana	11,428	14,773

24. Tiomantais

Tá tiomantais chaipitil ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas:

	2010 €'000	2009 €'000
Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith amhail deireadh na bliana.	780	1,566

25. Idirbheartaíocht RTÉ

Fuair Teilifís na Gaeilge 365 uair (2009:365) de chlár Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

4

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí

26. Neamhchosaint Airgeadra Coigríche

Is as íocaíochtaí ar chláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra coigríche. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán a bhí orthu seo i 2010 \$2,997,000 (2009:\$750,000) . Bhí réamhchonradh airgeadra coigríche amháin ar luach \$500,000 amuigh ag deireadh na bliana.

27 Méideanna Comparáideacha

Tá athghrúpáil agus athshocrú déanta ar figiúirí áirithe ar an mbunús céanna leo súid don bhliain reatha

28. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord stiúrtha na Ráitis Airgeadais ar an 18 Aibreán 2011.